



Ag Léamh, ag Scríobh agus ag Litriú do
Pháistí a Bhfuil SRO Acu



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Intreoir

Tá na hábhair seo á gcur ar fáil lena chur ar chumas múinteoirí tacú le scileanna litearthachta do páistí a bhfuil deacrachtaí acu agus na scileanna sin a fhorbairt. D'ainneoin go bhféadfadh an chomhairle seo bheith le leasgach páiste i seomra ranga, is tá go duine. Isbhachtach a aithint go mbítear ag dúil le difríochtaí foghlama ó dhuine fearr a éiríonn leis an idirghabháil nuair a mheaitseáiltear í le riachtanais an duine aonair. Máchuirtear é seo sa mheá, táthar ag súil go mbeidh an treoir sarannán seo ina cuidiú ag múinteoirí.

Moltar gur intreoir é an páipéar dar teideal 'DeacrachtaíCuimhne a Thuiscint'(McMurray, 2011; féach lch. 95) arthuiscint ar an dóigh a dtéann deacrachtaí cuimhne i bhfeidhm ar fhorbairt scileanna litearthachta agus mar a d'fhéadfadh constaicí foghlama a bheith sna straitéisí atámúinteoiría úsáid.

Tá liosta de na teidil sa rannán seo thíos agus tugtar míniú gairid ar a bhfuil i ngach rannán.

Uimhir Igh

- 235 Luath-Iompraíochtaí Léitheoireachta
- 241 Líofacht Léitheoireachta a Fhorbairt
- 370 Deacrachtaí Peannaireachta
- 392 Leibhéil Fuaime agus Eolas Ortagrafach
- 395 Seomraí Ranga Bunscoile a Thacaíonn le Disléicse
- 412 Seomraí Ranga Iar-Bhunscoile a Thacaíonn le Disléicse
- 427 Disléicse: Cur i Láthair Powerpoint
- 441 Aistriú ó Bhunscoil go hIar-Bhunscoil
- 443 Eochairtháscairi Deacrachtaí Litearthachta san Iar-Bhunscoil

Tá páipéar curtha i gceann a cheile ag Kathleen Monahan (BOLBhF) ar 'Luath-lompraíochtaí Léitheoireachta a Dhaingniú' lena chinntiú go bhforbraíonn páistí dúshraith dhaingean ar a dtógfar a thuilleadh foghlaim litearthachta. Tá doiciméad a thugann comhairle agus treoir ar 'Líofacht Léitheoireachta a Fhorbairt' scríofa ag Ruth Stevens (BOLODh).

Tugann an páipéar ar 'Deacrachtaí Peannaireachta' (McMurray agus Drysdale, 2011) treoir ar theagasc foirmiú litreacha agus an t-am is fearr le hé seo a bhaint amach. Tugtar treoir fosta ar dheacrachtaí comhordaithe i ngach gné den churaclam.

Díríonn an tábla, 'Leibhéil Fuaime agus Eolas Ortagrafach' ar cheithre leibhéal fuaime agus an fáth a bhfuil tábhacht leo. Cuimsítear sa tábla fosta roinnt pointí teagaisc do pháistí a mbíonn deacrachtaí acu.

Cuimsítear in 'Measúnacht agus múnatóireacht ar neamhspleáchas le linn peannaireachta' pro forma a thigle múinteoirí a úsáid le dul chun cinn a chlárú.

Soláthraíonn Seibhís Tacaíochta Pheiripitéatach BOLBhF réimse acmhainní do mhúinteoirí le seomraí ranga a thacaíonn le disléicse a fhorbairt. Tá an chomhairle seo mar chuid den rannán seo agus is féidir teacht uirthi fosta ar CDag cúl an chomhaid seo.

Tá dhá dhoiciméad curtha i dtoll a chéile ag Roberta Connelly agus Judith Gordon (BOLOTh) le tacú le páistí agus iad ag 'Aistriú ó Bhunscoil go hIar-Bhunscoil' chomh maith le treoir do mhúinteoirí le cuidiú leo 'Eochairtháscairí Deacrachtaí Litearthachta san Iar-Bhunscoil' a aithint.

Luathiompraíocht léitheoireachta a Dhaingniú - 'Ag spáisteoireacht agus muid ar an eolas'

1. Is gá don pháiste fios a bheith aige/aici cad é a thig leis/léi a dhéanamh.
2. Tá am agus fairsinge de dhíth ar an pháiste.
3. Má dhaingnítear a bhfuil ar eolas, bíonn deiseanna ag na páistí:
 - (a) taithí a bheith acu ar aidhm a bhaint amach;
 - (b) bheith cinnte den mhéid atá a fhios acu;
 - (c) bheith níos gasta/níos solúbtha, an méid atá a fhios acu a chur i láthair go huathoibríoch;
 - (d) úinéireacht ábhair a bheith acu;
 - (e) smacht a bheith ar chúrsaí agus eispéireas neamhspleáchais a bheith acu ;
 - (f) an brú a bheith bainte díobh;
 - (g) tiomantas agus suim a dhúiseacht/athdhúiseacht;
 - (h) fios a bheith acu gur féidir 'trial a bhaint as' agus bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha seachas éighníomhach; agus
 - (g) dul sa seans i dtimpeallacht neamhbhagrach.

Cén cineál gníomhaíochtaí is mó tairbhe agus muid 'Ar an Eolas'?

1 Labhairt

Is féidir caidreamh a bhunú le páiste trí chomhrá fíor, rud a thugann deis don mhúinteoir smacht teanga labhartha an pháiste sin a bhreathnú chomh maith le heolas ar réimsí suime agus eispéiris an pháiste, rud a bhíonn ina chuidiú maidir le leabhair chuí a roghnú. Tugann sé deiseanna don pháiste smacht a bheith aige/aici ar chúrsaí agus taithe a bheith aige/aici ar dhaoine meas a bheith acu orthu mar dhaoine. Is réimse an-tábhachtach é seo le dul ag obair air, le scileanna scéalaíochta a uasmhéadú.

2 Leabhar a Dhéanamh

Is gníomhaíocht iontach úsáideach í seo, go háirithe don mhuintir is ísle gnóthachtáil atá ag leibhéal an téacs dheachtaithe. Tugann sí neart deiseanna le coincheapa faoi chló a fhiosrú níos mine agus le go dtig leis an pháiste páirt ghníomhach a bheith aige/aici ina c(h)uid luath-ábhair léitheoireachta. Tugann déanamh na leabhar deiseanna le cuid mhór luathiompraíochtaí léitheoireachta a dhaingniú.

3 Leabhair a Roinnt

Tugann sé seo deiseanna don mhúinteoir freagairt chuí, úsáid straitéisí agus léitheoireacht fhrásáilte agus líofa a eiseamláiriú. Cuidíonn sé fosta maidir le roinnt téacsanna atá ar eolas a dhaingniú.

4 Eolas ar Litreacha agus ar Mhíreanna Eile

Is den tábhacht an "dul thar" an mhéid átá ar eolas ag an pháiste a nascadh taobh istigh de chomhthéacs an téacs leanúnaigh a oiread agus is féidir.

Nuair a dhéantar triail ar eolas míre ar litreacha agus ar fhocail ina n-aonar, is minic nach féidir brath ar an eolas ná é a chur i bhfeidhm go réidh. Bíonn deiseanna de dhíth ar mhúinteoirí le freagairtí na bpáistí a bhreathnú i réimse comhthéacsanna seachas glacadh leis go bhfuil an t-eolas míre slán.

5 Am

Tugann "Ar an Eolas" deiseanna do mhúinteoirí bheith solúbtha agus bheith ábalta réimse eolais an pháiste a fhiosrú gan laincísí ceachtanna foirmiúla.

Ag Tosú le Páistí atá Ar Bheagán Eolais

Tugann an léitheoireacht agus déanamh na leabhar an deis coincheapa treo a athdhaingniú agus a eiseamláiriú.

Caithfear luathchoincheapa a dhaingniú; breathnaigh ar pháistí agus iad ag obair lena chinntiú cad é atá ar eolas ag gach páiste.

Nuair is gá, tig leis an mhúinteoir na nithe seo a eiseamláiriú:

- díriú méire;
- Clé ⇒ Deas;
- filleadh ar chlé;
- leathanaigh a thiontú.

Freagraí a Aimsiú

An bhfuil an mheaitseáil ceann-ar cheann slán?

Má tá deacracht ann le freagraí a aimsiú:

- tig le múinteoir 2, 3, 4 de réada a leagan amach agus díriú ar gach ceann i ndiaidh a chéile agus a ainmniú;
- nuair a éiríonn leis/léi, bogtar ar aghaidh chuig –
- réada a ainmniú i ndiaidh a chéile gan díriú méire; d'fhéadfai siombailí, cruthanna agus pictiúir a úsáid le freagraí aimsithe a chinntiú;

- Tig le péint mhéire coincheap na meaitseála focal-go-focal a léiriú agus bheith ina cuidiú maidir lena fhorbairt. Tig leis an pháiste spota péinte a chur faoi gach focal agus é/í ag léamh leis an mhúinteoir.
- bogadh ar aghaidh chuig díriú méire focal-go-focal nuair a bhíonn téacs atá ar eolas cheana á léamh;
- Cnaipí nó greamáin – glas le tosú, dearg le críochnú – is cuidiú iad seo le treo a dhaingniú le linn an daingnithe.
- Nuair atá meaitseáil focal-go-focal slán, léamh gan díriú méire.
- Is féidir scéal gearrtha suas a úsáid le filleadh ar chlé a athdhaingniú.

Focail agus Spásanna

Úsáid leabhair agus téacs simplí atá ar eolas go maith agus scríobh amach téacs atá ar eolas, ag úsáid spásanna móra. Úsáid frámaíl 2-mhéar le focail aonair atá ar eolas a aimsiú.

Leagan Amach Spásúil

- 1 Cruthaigh focail atá ar eolas le litreacha maignéadacha.
- 2 Scoilt na focail ionas go bhfuil spás ollmhór eatarthu.
- 3 Tarraing an focal as a chéile – ina litreacha aonair agus ansin cuir le chéile arís é.
- 4 Úsáid spás méire go sealadach idir na focail.
- 5 Úsáid frámaí difriúla le go dtig leis an pháiste an scéal atá ar eolas aige/aici a chur le chéile arís m.sh.

"Séamus an t-ainm atá orm"	"Séamus an t-ainm atá orm"
----------------------------	----------------------------
- 6 Úsáid ainm an pháiste lena léiriú nach bhfuil spásanna ar bith i bhfocail.

Míreanna atá Ar Eolas a Dhaingniú

Leabhar Aibítire

Cuir tús le leabhar aibítire. Cinntigh gur rud pearsanta don pháiste atá ann. Tosaigh le liteacha atá ar eolas, bog chuig litreacha a bhfuil breaceolas orthu. Déan iarracht spreagfhocail a bhunú a thugann sampla soiléir de nasc idir túsleitir agus fuaim. Is minic gur túsphointe iontach iad na hainmneacha. Ba chóir spreagfhocal amháin a bheith ag gach litir m.sh. A - Anna.

Litreacha

Úsáid réimse d'eispéiris tadhaill m.sh.

- litreacha greanpháipéir;
- tráidire gainimh;
- méarphéinteáil;
- litreacha maighnéadacha.

Iarr ar pháiste labhairt faoi fhoirmiú na litreacha agus é/i á scríobh nó á rianú, m.sh. **'e – trasna, suas agus thart'**.

Is iontach an cúnamh don chuimhne é an cur i bhfriotal.

Úsáid litreacha maighnéadacha le:

- sórtáil;
- meaitseáil;
- grúpáil;
- an ceann corr a aimsiú.

Bíodh freagairt ghasta mar sprioc agat;

- Bíodh bosca agat de litreacha atá ar eolas – snap/péirí a imirt.
- Cuir litreacha atá ar eolas ar dhíse. Iarr ar pháiste an díse a chaitheamh agus na litreacha a scríobh chomh gasta agus is féidir. Cláraigh am na gníomhaíochta seo le tuilleadh éagsúlachta a chur léi.

Focail

- Meascadh – focail atá ar eolas a chur le chéile arís trí úsáid litreacha maighnéadacha .
- Focal a rianú le méar.
- Scláta draíochta.
- Scuab fhliuch ar chlár dubh.

Taisce de leabhair a bhfuil eolas ag na páistí orthu a chnuasach – cuid mhór leabhar ag leibhéal 1 agus 2 nó leabhair nuachumtha a léamh agus a athléamh.

Líofacht Léitheoireachta a Fhorbairt

Má tá an léitheoireacht le bheith úsáideach agus sultmhar ag an dalta, ba chóir di bheith líofa, éifeachtach. Is céim thábhachtach í le go ndéantar léitheoir inniúil díobh óir sa deireadh thiar cuireann sí ar chumas daltaí bheith ag 'léamh le foghlaim'.

Maidir le Léitheoirí Líofa:

- is dóichí go dtuigeann siad an rud atá siad a léamh;
- bíonn eispéiris dhearfacha acu ar an léitheoireacht;
- ní bhíonn dua mór ag baint leis an léitheoireacht;
- bíonn siad spreagtha chun léamh .

Is é sainmhíniú an National Reading Panel ar líofacht léitheoireachta, an cumas téacs a léamh go gasta, beacht le friotail chuí.

(NICHD 2000 lch.35)

Léirítear líofacht sa léitheoireacht bheacht, mhear, eispriseach agus feidhmítear í le linn thuiscint na-léitheoireachta ciúine.

Is féidir a thomhas trí líon na bhfocal a léitear mar is ceart sa nóiméad nuair a bhítear ag léamh sliocht téacs os ard.

(Reading Problems – Daly, Chafouleas, Skinner)

Níor chóir, áfach, go ndíreofaí, i dtaca le sainmhíniú na líofachta de, ar léitheoireacht bhéil amháin ach gur chóir léitheoireacht agus tuiscint chiúin a chur san áireamh fosta.

In **The Literacy Dictionary** – The Vocabulary of Reading and Writing is é an sainmhíniú ar líofacht "an tsaoirse ó fhadhbanna aitheanta focal a chuirfeadh bac ar an tuiscint."

Sainmhínear tuiscint mar chuardach gníomhach i dtéacs, ina léiríonn páistí tuiscint ar dhóigheanna éagsúla. Mar sin féin, ní leanann tuiscint téacs an léitheoireacht líofa aisti féin. Tig le páistí ar réidh leo an díchódú níos mó airde a thabhairt ar thuiscint léitheoireachta agus mar gheall air seo, is féidir glacadh leis má thig le daltaí léamh go líofa ba chóir go dtuigfeadh siad an méid atá siad a léamh. I cas cuid mhór daltaí, tá sé seo amhlaidh. Ach i gcás 10% de dhaltaí ar léitheoirí líofa iad, is doiligh leo an méid atá siad a léamh a thuiscint (Meisiger, Bradly et al 1997). Is den tábhacht, mar sin de, straitéisí tuisceana a theagasc go follasach astu féin, sa dóigh go dtig le daltaí dul i ngleic le leibhéil éagsúla na tuisceana – litriúil, infheireach, meastóireacht, léirthuisicint.

Léitheoirí Maithe:

- déanann siad machnamh ar an rud atá siad a léamh;
- úsáideann siad eolas atá acu cheana agus an téacs á léamh;
- bíonn siad ag tuar nó ag dréim leis an chéad teagmhas, focal srl. eile;
- tig leo an tuar acu a athrú agus iad ag léamh;
- tig leo freagairt don téacs ar dhóigheanna éagsúla idir intleachtach agus mhothúchánach;
- déanann siad iarracht ciall focail agus coincheapa nach bhfuil ar eolas acu a oibriú amach;
- smaoiníonn siad ar údar an téacs, ar a stíl, ar a d(h)earcadh, ar a bhfuil sé/sí ag iarraidh a bhaint amach srl.;
- ceistíonn siad an méid atá siad a léamh agus an méid ar mhaith leo bheith ar eolas acu;
- léann siad cineálacha difriúla téacs go difriúil;
- leanann siad den téacs a phróiseáil i ndiaidh dóibh stad den léamh.

Léirítear trí anailís ar shonraí ón National Assessment of Educational Progress in Reading Shasana (Pinnell et al 1995) comhghaol an-dearfach idir líofacht léitheoireachta agus inniúlacht ar thuiscint na léitheoireachta.

Is é an dearcadh a bhí ag Strecker, Roser, Martinex 1998 lch. 306, "Léiríodh go bhfuil 'gaol deilíneach' idir líofacht agus tuiscint"

Mar achoimre:

- Caithfidh léitheorí nach bhfuil líofa an chuid is mó dá n-aird a thabhairt ar fhocail a oibriú amach. Mar sin de, is lú an aird a thugann siad ar thuiscint an téacs.
- Caithfidh siad éirí inniúil ar fhocail aonair i dtéacs gaolmhar a dhíchódú.
- Caithfidh siad iad seo a chomhshamlú ina gcuimhne amhairc lena n-aithint agus a thabhairt chun cuimhne go réidh gasta. Tugann clár dea-struchtúrtha fónaice an t-eolas agus na scileanna is gá.
- Caithfidh siad a ráta leitheoireachta a mhéadú ach beaichte a choinneáil.
- Caithfidh siad an tábhacht atá le frásáil, tuiníocht agus friotail a thuiscint.
- Caithfear iad a chumasú le ciall a chruthú, trí eolas atá acu cheana agus eolas nua a úsáid.

Is féidir díriú ar na gnéithe seo ar chuid mhór dóigheanna agus tá cuid acu sonraithe ar an chéad leathanach eile.

Smaointe le Líofacht Léitheoireachta a Fhorbairt

Léitheoireacht Líofa a Eiseamláiriú

Cuirtear béim i gCuraclam TÉ ar an tábhacht atá le straitéis na léitheoireachta eiseamláirithe ag gach eochairchéim. Cé go dtuigimid eiseamláiriú mar 'smaoineamh os ard', i gcomhthéacs na léitheoireachta líofa, cuireann sé d'iachall orainn léamh os ard dár gcuid daltaí, go minic agus i gceartfhríotail, ionas go dtuigeann siad cáid leis a bhfuil an léitheoireacht líofa cosúil agus go dtig leo an t-eolas seo a chur i bhfeidhm maidir lena gcuid léitheoireachta féin.

Ba chóir dóibh éisteacht le réimse leathan seánraí ina bhfuil réimse saibhir teanga le go mbeidh siad gafa leis an léitheoireacht.

Ba chóir do dhaltaí bheith dírithe, ní hamháin ar an scéal, ach ar an teicníc agat mar léitheoir. Iarr orthu smaoineamh ar:

- "Cén dóigh ar choinnigh mé d'aird ar an scéal?"
- "Cad é mar a léirigh mé an dóigh le léamh go maith?"

Léitheoireacht Leantach

- Dóigh amháin le líofacht a chur chun cinn is ea cleachtadh sleachta nó dánta a léamh agus a athléamh os ard.

Thiocfadh é seo a dhéanamh mar rang iomlán, ina ghrúpa beag nó duine le duine.

- Bíonn cóip den téacs ag gach dalta.
- Léigh an dán os ard leo.
- Labhair faoin dóigh a léann tú, frásáil, sosanna, ráta léitheoireachta, tuiníocht.

- Iarr ar dhaltaí 'léamh macalla' a dhéanamh – nuair a léann tusa líne/frása agus athléann siadsan é leat.
- Ansin, tig leis na daltaí an dán nó sliocht a athléamh go córúil (mar a bheadh cór ann).
- Téann daltaí a mbíonn deacrachtaí acu i dtimpeallacht thacúil i ngleic leis seo agus cuidíonn sé leo a mhothu gur cuid den rang iad.

Léitheoireacht Fhrásáilte

Ós rud é go bhfuil líofacht gan uaim, is maith an áit é léamh frásáilte na filíochta le tús a chur.

- Scríobh an dán ar stiallacha abairtí.
- Eiseamláirigh an dóigh le codanna den téacs a ghrúpáil le chéile le cur leis an chiall agus le haird an éisteora a thuilleamh.
- Roinn an ghrúpáil atá sa chuid eile den téacs.
- Daingnigh i seisiúin threoraithe le grúpaí beaga, ag plé dóigheanna difriúla le smaointe a ghrúpáil agus mar a rachadh sé i bhfeidhm ar an chiall.

Amharclann na Léitheoirí

Is é is Amharclann na Léitheoirí ann taibhiú béil an script agus is dóigh an-mhaith í le líofacht a fhorbairt. Níl cur de ghlanmheabhair de dhíth ach bheith ábalta ciall a chur in iúl trí fhriotail agus tuiníocht.

- Bíonn cóip den script ag gach dalta.
- Léann tusa os ard é agus éistean siadsan.

- Léamh macalla.
- Léamh córuil.
- Oibríonn páistí ina ngrúpaí leis na páirteanna a léamh. Tíg leo éide agus roinnt fearais a úsáid más maith leatsa agus leo.
- Cuir scileanna dea-chur i láthair na léitheoireachta ó bhéal chun cinn
 - ◆ teagmháil súl
 - ◆ gan 'dul i bhfolach taobh thiar' dá scrípteanna
 - ◆ amharc ar an lucht éisteachta corruair.
- B'fhéidir gur mhaith leat a léitheoireacht a thaifeadadh ar théip nó ar fhíseán ionas go dtig leo éisteacht leo féin agus a gcuid léitheoireachta a mheas.

Léitheoireacht i gComhpháirt

Thiocfadh le páiste níos sine, le tuismitheoir nó le cúntóir ranga léamh i gcomhpháirt leis an pháiste agus tacaíocht duine-le-duine a thabhairt.

- Is féidir tacaíocht a tharraingt siar de réir a chéile agus an páiste ag dul in inmhe.
- Ba chóir go mbeadh na seisiúin gairid, 10-15 nóim.

Léitheoireacht aon nóiméid

- Socraigh bonnlíne trí léitheoireacht neamhspleách.
- Páiste ag léamh sliocht gairid ar feadh 1 nóim.

- Oibrigh amach focail sa nóiméad trí:

Líon iomlán focal léite – líon earráidí = FSN.
- Socraigh sprioc sheachtainiúil feabhsúcháin m.sh. 2-5 FSN.
- Bog ó téacs treorach go téacs neamhspleách de réir mar a bhaineann daltaí a spriocanna amach.
- Is maith an spreagthach ag cuid mhór páistí taifead dá gcuid scór a choinneáil.

Léitheoireacht le Cúnamh Téipe

- Éisteann daltaí le téacs ar théip agus ansin léann siad an téacs ag an am céanna ar cibé dóigh is fearr leo m.sh. díriú méire, foghuthú.
- A léitheoireacht féin a thaifeadadh.
- A léitheoireacht féin a mheas agus éisteacht léi.
- Cleachtadh go dtí go mbíonn siad sásta lena léitheoireacht.

Cuimhnigh go mbíonn aiseolas agus treoir de dhíth ar dhaltaí agus iad ag gabháil do na gníomhaíochtaí seo má tá siad lena bhfeidhmíocht a fheabhsú. Is cuidiú iad an measúnú agus an mhonatóireacht leanúnach lena shocrú cé acu atá méaduithe intomhaiste feidhmíochta mar thoradh ar an idirghabháil nó nach bhfuil. Dá líofa sa léitheoireacht a éiríonn daltaí is amhlaidh is dóichí go roghnóidh siad bheith ina léitheoirí amach anseo agus dá mhinice a léann siad is amhlaidh is líofa a éireoidh siad.

Amharc ar an phictiúr



Úsáid focail eile



rón




srón

Úsáid rím




carr



fear

Léigh an focal ó chlé go



deis

f

o


c

a

l

Fuaimnigh amach é

Bris an focal i siollaí



ba





na




na



Úsáid poncaíocht



Gabh ar ais agus léigh an
focal agus an abairt arís!



An bhfuil ciall leis?



Léideanna Léitheoireachta




B íonn

A

F hios

A gam



go bhfuil mé ag léamh go maith nuair a dhéanaim na rudaí seo

Deánaim seiceáil ar a
bhfuil léite agam

Bíonn a fhios agam go
bhfuil meancóg déanta
agam agus léim arís é
chun mé féin a cheartú.

Cuirim ceisteanna muna
dtuigim mo chuid
léitheoireachta.

Labhraím faoi mo chuid
smaointe agus mothúcháin
ionas go dtuigfidh mé an
rud atá léite agam

Deánaim tuar ar cad é a
tharlóidh sa leabhar
agus tugaim fáthanna ar
an tuar.

De réir mar a léim,
samhlaím cad é atá ag
tarlú ann agus cruthaím
pictiúr i mo chloigeann



Fonn a dhéanann foghlaim.



Straitéisí le tógáil ar fheasacht na bpáistí ar a gcuid foghlama féin.



*Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning*



INVESTOR IN PEOPLE

Buail an balla.

Aidhm: plé gníomhach ar inchinní a spreagadh.

Áiseanna: dhá lipéad do na ballaí ar a bhfuil 'FÍOR' agus 'BRÉAGACH',
neart spáis

Am: 15 bomaite

Léigh na ráitis i **gcló trom** sna boscaí thíos, ceann amháin ag aon am amháin. Chomh luath is a léann tú an ráiteas agus a scairteann tú "Buail an balla", is gá do na páistí rith chuig an bhalla "FÍOR" nó "BRÉAGACH". Is ansin a thig leat an freagra agus an míniú a thabhairt dóibh.

Ceisteanna le machnamh a spreagadh ar an fhoghlaim a tharla le linn na gníomhaíochta

1. Ar fhoghlaim tú rud ar bith faoi do chuid foghlama féin le linn na gníomhaíochta seo?
2. An ndearna sé difear ar bith go raibh tú ag gluaiseacht thart lena linn, dar leat?
3. An mbeadh an ghníomhaíocht seo chomh suimiúil céanna dá mbeimis inár suí ag cur lámha in airde le freagra a thabhairt ar na ceisteanna?

Éagsúlachtaí:

Muna mbíonn go leor spáis ag an ghrúpa ar fad le bogadh ó thaobh amháin den seomra chuig an taobh eile, thiocfadh leis na páistí suí i gciorcal agus má tá siad den bharúil go bhfuil an ráiteas fíor, thiocfadh linn seasamh agus áiteanna a mhalartú.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

1. Thig leat foghlaim ar feadh do shaoil, fiú amháin nuair a bheas tú sean agus aosta.

FÍOR: "Coinnigh ag dul nó caillfidh tú an fonn!" Díreach mar a dhéanann tú aclaíocht chun do chorp a choinneáil folláin aclaí, thig leat bheith ag foghlaim a fhad is go mbíonn d'inchinn spreagtha.

2. Is fearr inchinn mhór a bheith agat.

BRÉAGACH: Is cuma faoi mhéid d'inchinne, an rud is tábhachtaí ná an dóigh a n-úsáideann tú é. Is cosúil nach raibh ach inchinn de mhéid measartha ag Albert Einstein agus mar sin, tá cumas foghlama nach beag ionainn go léir.

3. Cuidíonn dath agus ceol le d'inchinn bheith ag foghlaim.

FÍOR: Is fiú dath a úsáid chun cód datha a chur ar do chuid oibre, le cuidiú leat bheith ag foghlaim. Is fiú fosta cineálacha ceoil éagsúla a sheinn le linn duit bheith ag foghlaim, ag brath ar an tasc a bhíonn i gceist. Seans go gcuideoidh sé leat díriú ar an ábhar i gceist agus cuimhniú air.

4. Rugadh roinnt daoine le hinchinn níos cliste ná roinnt daoine eile

BRÉAGACH: Tá gach duine difriúil agus tá gach inchinn difriúil. Is clistíní muid go léir agus de réir mar a úsáideann tú d'inchinn, éiríonn sé níos cliste.

5. Déanta as uisce den chuid is mó atá d'inchinn .

FÍOR: Tá cuid mhór uisce de dhíth ar d'inchinn le bheith ag feidhmiú mar is ceart. Ól neart uisce in áit tae agus caife nó deochanna siúcra a bhaineann uisce ón inchinn. Má tá tart ort, caithfidh sé gur baineadh uisce ó d'inchinn cheana féin.

6. Is maith le d'inchinn sceallóga, bianna eile lán géire agus deochanna siúcra.

BRÉAGACH: Is féidir go bhfuil dúil agat féin sna rudaí seo ach beidh d'inchinn níos sláintiúla agus oibreoidh sí níos fearr ar thorthaí úra, glasraí agus próitéiní. Tá roinnt géire tábhachtach fosta. Faightear na sóirt géire atá maith d'inchinn in éisc, cnónna agus gráinní.

7. Thig le d'inchinn aclaíocht a dhéanamh.

FÍOR: Díreach mar a choinníonn aclaíocht do chorp aclaí agus slaintiúil, thig le d'inchinn aclaíocht a dhéanamh. Tá gníomhaíochtaí speisialta ann le haghaidh d'inchinne atá tábhachtach.

8. Cuideoidh an ghníomhaíocht seo leat cuimhniú ar rudaí faoi d'inchinn.

FÍOR: Cuirfidh sé tú ar an eolas faoi d'inchinn agus faoin dóigh a n-oibríonn sé. Tá sé úsáideach fosta le bheith gníomhach agus tú i mbun foghlama. Má éiríonn leat ocsaigin a fháil a fhad le d'inchinn, is mór an seans go gcuimhneoidh tú ar an rud ina bhfuil tú páirteach.

9. Is tábhachtach dearcadh dearfach a bheith agat chun na foghlama

FÍOR: Tá do dhearcadh fíorthábhachtach agus tú ag foghlaim. Má shíleann tú go dtig leat rud a dhéanamh, tá achán seans ann go mbeidh tú ábalta a dhéanamh. Má deir tú "thig liom é a dhéanamh" leat féin, cothaítear cumhacht ionat lena dhéanamh.

10. Bíonn codladh rialta de dhíth le haghaidh na foghlama éifeachtaí

FÍOR: Ba cheart dul a lú go luath agus codladh ceart a fháil gach oíche.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning

INVESTOR IN PEOPLE

Ceangail agus Cumhachtaigh!

Aidhm; le tógáil ar fheasacht na bpáistí ar an chumas foghlama as cuimse atá againn go léir agus an dóigh a mbíonn na mollta de chealla inchinne ag fanacht orainn le cuidiú leo ceangal le chéile agus cumhacht a chur iontu.

Áiseanna; Uimhircártaí a dhéanann 100 billiún (1 chóip de '1' agus 11 chóip de '0'

Am; 15 bhomaite

Ní bhainfidimid úsáid ach as codán de chumhacht ar n-inchinní. Samhlaigh cad é a thiocfadh linn a dhéanamh dá mbainfidimis úsáid as a thuilleadh. Beirtear muid le cumas foghlama ollmhór. Nuair a thagaimid ar an tsaol, bíonn tuairim is 100,000,000,000 cill inchinne againn.

100,000,000,000

1. Gníomhaíocht 1 - Tóg íomha radhairc den uimhir seo. Iarr ar pháistí teacht amach leis na huimhircártaí agus an uimhir a thógáil, digit i ndiaidh digite, ag toiseacht le huimhir 1.

De réir mar a thagann na páistí chun tosaigh agus de réir mar a chruthaíonn siad uimhreacha úra (1,10,100 srl, a fhad le 100 billiún) iarr orthu an uimhir úr a ainmniú. Muna bhfuil a fhios ag daoine ainm na huimhreach deiridh, cuir dúshlán rompu agus iarr orthu é a fháil amach roimh dheireadh an lae/don mhaidin dár gcionn.

2. Gníomhaíocht 2 - Samhlaigh gur inchinn ollmhór é an seomra agus go bhfuil gach duine sa seomra ina gcealla inchinne. Iarr ar thrían de na páistí seasamh agus cruinniú le chéile ar dhóigh éigin - m.sh. lámh a ghlacadh lena chéile, cruinniú sa lár agus comhrá a dhéanamh lena chéile. Seasann siad seo don chéatadán cealla atá ceangailte lena chéile ag breith. Seasann na páistí eile don chuid sin den inchinn nach bhfuil ceangailte ar fad go fóill. Iarr ar na páistí breathnú thart ar an seomra feiceáil cé mhéad acu atá ina seasamh, agus cé mhéad atá ina suí. Anois, iarr ar an chuid a bhí ina suí seasamh sa dóigh is go mbeidh gach duine ceangailte le chéile. An dtig leo an difear a fheiceáil? Má d'iarr tú ar na páistí comhrá a dhéanamh lena chéile le léiriú go bhfuil siad ceangailte, cluinfidh tú an difear fosta!



Pointí Machnaimh

Nuair a spreagtar na cealla inchinne, ceanglaíonn siad le chéile- Dá mhéad cealla a thig linn a cheangal le chéile, dá mhéad cumhacht inchinne atá in úsáid againne. Nuair a thagaimid ar an tsaoil, ní bhíonn ach trian de na cealla inchinne ceangailte- tá an chuid eile ag fanacht ar spreagadh le haghaidh foghlama úire.

Ní úsáidaimid ach cuid bheag dár gcuid cumhachta inchinne ach níl teorainn leis!

Tá cumas as cuimse ag achán dhuine. De réir mar a dhéanfaimid ar n-inchinní a fhiosrú, éireoidh linn iad a úsáid ar dhóigh níos éifeachtaí agus tuilleadh leasa a bhaint as ár gcuid cumas. Thig linn seo a dhéanamh má fhaighimid amach faoin dóigh a n-oibríonn ár n- inchinn agus faoinár gcuid stíleanna foghlama féin.

Ní hionann aon bheirt againn! Tá ar n-inchinní chomh difriúil is atá ár loing méire. Mar sin, tá gach seans nach n-oibreoidh an rud a oibríonn don, chéad duine don dara duine.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Soilsigh, soilsigh, m'inchinn iontach.

(cannta leis an cheol de 'Twinkle, Twinkle Little Star')

Soilsigh, soilsigh m'inchinn iontach
Tá tú an-chliste agus an-tábhachtach



Thuas i mo cheann, ag obair gach lá
Ag cuidiú liom gach uile fhocal a rá



Soilsigh, soilsigh m'inchinn iontach
Tá tú an-chliste agus an-tábhachtach



Thuas i mo cheann, tá tú i mbun
Rialaíonn tú gach rud ó bharr go bun!



Soilsigh, soilsigh, m'inchinn iontach
Tá tú an-chliste agus an-tábhachtach!



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Inchinn i mbun oibre!

Taispeáin an léaráid den inchinn do na páistí, Déan plé ar na codanna éagsúla den inchinn ar feadh an achair is lú agus is féidir. Ansin abair leis na páistí go bhfuil aon bhomaite amháin acu le pictiúr den inchinn a tharraingt agus an t-eolas atá sibh i ndiaidh a roinnt a scríobh síos ar luas lasrach. Abair leo nach mbeidh cead acu labhairt le duine ar bith eile lena linn. Tomhas an bomaite agus ag deireadh an bhomaite sin, iarr ar na páistí a gcuid pinn luaidhe a fhágáil síos.

Cuir na páistí ar a suaimhneas faoin ghníomhaíocht agus abair leo nach teist a bhí ann ach go raibh tú ag iarraidh go díreach fáil amach faoin mhéid a d'fhoghlaim siad agus cad chuige?

Táthar ag súil is go labhróidh na páistí ar na mothúcháin a bhí acu m.sh. míshuaimhneach, imníoch, buartha, míshona agus an tionchar a bhí acu seo ar a gcuid foghlama - m.sh. ní raibh siad ábalta díriú ar an tasc/ níor chuimhnigh siad/ ní raibh siad in ann an rud a dhéanamh/ ní raibh fonn orthu é a dhéanamh.

Ina dhiaidh sin, iarr ar na páistí dul i mbun gníomhaíochta eile ach an iarraidh seo, bainfear úsáid as cur chuige difriúil. Amharc ar na teoracha thíos a bhaineann le hinchinn bheo a thógáil. Cuidigh leis na páistí seo a dhéanamh agus nuair a bhíonn an macasamhail den inchinn tógtha acu, labhair faoin difear idir an dá chuid den cheacht:

1. Cén ceacht is mó a thaitin leat? Cad chuige?
2. Cén ceacht inar fhoghlaim tú an méid is mó? Cad chuige?
3. Má bhíonn sé doiligh agat in amannaí agus ceacht sa tsiúl sa scoil, rudaí a thuigbheáil nó a dhéanamh, cad is féidir leat a dhéanamh leis an fhadhb a shárú?
4. Cad é a fuair tú amach inniu mar sin faoi mhodhanna foghlama éifeachtacha?

Pointí machnaimh

- Cuireann brú agus strus bac ar an fhoghlaim- bíonn sé iontach doiligh smaoineamh go soiléir má bhíonn tú tógtha nó faoi bhrú.
- Foghlaimeoidh tú i bhfad níos mó má bhíonn fonn ort bheith ag foghlaim. Nuair a bhíonn dearcadh dearfach agat i leith foghlama, tá seans i bhfad níos mó ann go gcuimhneoidh tú ar an ábhar atá á fhoghlaim agat.

Cuidíonn gluaiseacht leat chun na ceangail idir na cealla a láidriú agus a dhaingniú.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

- *Le crích a chur leis an cheacht, iarr ar na páistí an chéad ghníomhaíocht eile a dhéanamh (Cad é atá foghlamtha againn?)*

Ag tógáil inchinn bheo bheathach

Inniu táimid ag dul inchinn a chur le chéile agus a thabhairt chun beatha anseo sa seomra ranga seo agus mar sin beidh neart cuiditheoirí de dhíth.

Sa chéad dul síos, ba mhaith liom go dtiocfadh beirt dheontóirí amach _____ & _____ agus go rachadh sibh síos ar bhur nglúine. Is sibh stoc na hinchinne (the brain stem). Sin an chuid den inchinn a fhorbraíonn ar dtús, an chuid is sine den inchinn. Is é an obair atá aige ná an corp a choinneáil beo mar go stiúraíonn sé cuid mhaith de na córáis bheatha m.sh. brú fola, díleá agus anáil. Insíonn an chuid seo den inchinn dúinn nuair a bhíonn ocras, tart nó tuirse orainn agus déanann sé cinnte go bhfuil muid ag anáil. Mar sin, is cuid ríthábhachtach é seo agus is gá dúinn a choinneáil sona. Ma bhíimid ocrach, tartmhar, tuirseach nó buartha, beidh sé i bhfad níos doilige ag ainm bheith ag foghlaim. An dtig libh smaoineamh ar mím a bheadh fóirsteanach don chuid den chorp a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis an chuid áirithe seo den inchinn m.sh. cuimil bhur mبولg, déan méanfach srl. anáil dhomhan a tharraingt isteach/ a shéideadh amach srl.

Anois, tá beirt eile de dhíth orainn le cromadh síos taobh thiar den stoc. Is sibh an chuid lárnach den inchinn(ar a dtugtar an córás limbic) Amharcann an chuid seo den inchinn I ndiaidh ar gcuid mothúchán m.sh. sonas, brón agus eagla. An dtig libh beirt mím a dhéanamh le mothúchán a léiriú -m.sh. aobh an gháire, ag léim le háthas, ar crith le heagla, ag croitheadh doirn le fearg. Éiríonn linn i bhfad níos mó a fhoghlaim nuair a bhíimid sona agus saor ó bhuaireamh. Imríonn mothúcháin tionchar ar gach rud a dhéanaimid, go háirithe i dtaca le foghlaim. Is minic a bhíonn cuimhne again ar rudaí a shíl muid a bheith greannmhar nó amaideach nó in amanna nuair a rinne an múinteoir ceangal idir foghlaim agus scéal grinn. Tá an chuid seo sa lár seo an-úsáideach ó thaobh cuimhní a chrúthú agus a choinneáil fosta.

Anois tá ceathrar de dhíth le bheith ar an taobh dheas agus ceathrar eile de dhíth le bheith ar an taobh chlé. An raibh a fhios agat go bhfuil dhá leath ag d'inchinn agus go bhfuil gach leath freagrach as cuidiú leat



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



foghlaim ar dhóigheanna éagsúla. Cé go bhfuil an dá leath ann, oibríonn siad go dlúth le chéile.

I dtús báire, déanfaimid an taobh dheas. Tá duine de dhíth le gach feidhm atá ag an taobh seo a léiriú. (Roghnaítear ceathrar) An dtig libh smaoineamh ar mhíam leis an fheidhm áirithe a léiriú?

1. An Mór-phictiúr - ag amharc ar an rud ar fad
2. ceol - ag seinm agus ag éisteacht le ceol
3. samhlaíoch- ag smaoineamh go cruthaitheach
4. ag feiceáil - radharc

Anois, tá an taobh chlé le tógáil againn. I measc na bhfeidhmeanna a bhíonn ag an taobh seo ná

1. ag foghlaim céim ar chéim - giota i ndiaidh giota
2. anailís - ag amharc ar rudaí go mion
3. teanga - na focail a labhraímid, a léimid agus a scríobhaimid
4. loighic- ag dul do rudaí san ord / sa seicheamh cuí.

(Roghnaítear ceathrar eile) Arís eile, an dtig libh míam a dhéanamh mar chomhartha den obair a dhéanann an taobh seo?

An chéad chéim eile ná an " corpus callosum" - an leagan laidineach de chorp na hinchinne a thógáil. Déantar an chuid sin de mholl snáithíní a fheidhmníonn mar a bheadh droichead ann idir an taobh dheas agus an taobh chlé. Nuair a dhéanamid aclaíocht inchinne, is é an chuid seo atá á úsáid agus á láidriú againn, mar a chuireann sé ar an dá thaobh feidhmiú le chéile ar aon uan. Tá beirt de dhíth orainn le bheith mar chorp.

_____ & _____ an dtig libh beirt seasamh os comhair a chéile, lámha a chur le chéile, agus bogadh anonn agus anall.

Anois, tugaimis an inchinn chun beatha, le gach duine ag dul don mhíam ag an am céanna agus iad sna háiteanna cearta. Tarlaíonn an fhoghlaim is éifeachtaí nuair atá stoc na hinchinne dár spreagadh agus nuair a bhíonn smaointe maithe leithéidí " Thig liom" ag teacht chugainn agus mar sin ba mhaith liom gach cuid den inchinn a fheiceáil go sásta agus go bríomhar.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Anois, ba mhaith liom go suífeadh gach duine síos seachas an stoc agus an chuid lárnach. Seo a tharlaíonn nuair a chuireann mothúcháin nó riachtanais isteach orainn - múchtar na codanna eile den inchinn. B'fhéidir go mbaineann sé le bheith ocrach nó buartha nó b'fhéidir go dtarlaíonn sé mar gheall ar thuirse nó smaointe diúltacha ("Ní thig liom seo a dhéanamh"). An t-aon chuid den chorp atá ar obair anseo ná an chuid nach bhfuil smacht againn uirthi - an stoc. Uaireanta, tugann sé orainn freagairt ar dhóigheanna nach gcuideoidh lenár gcuid foghlama. Má dhéanaimid cinnte go bhfuil na riachtanais uilig ag an inchinn faraor agus má dhéanaimid iarracht strus a sheacháint nuair is féidir, thig linn ár n-inchinní iontacha a chothú le bheith inár bhfoghlaimeoirí gníomhacha.

Anois, go raibh maith ag na codanna inchinne go léir a thug an inchinn chun beatha dúinn



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Cad é atá foghlamtha againn?

Aidhm: le cuidiú leis na páistí machnamh a dhéanamh ar an fhoghlaim a rinneadh le linn an tseisiúin.

Áiseanna:

Am : 10 bomaite

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i bpéirí nó mar ghrúpa iomlán trí mhachnamh treoraithe.

Iarr ar na páistí 'bomaite beag' a ghlacadh le smaoineamh siar ar an seisiún, le smaoineamh ar radharcanna áirithe, ar mhothúcháin a bhí acu ag pointí éagsúla nó ar rudaí áirithe a dúradh / a pléadh le linn an tseisiúin.

Smaoinigh ar na rudaí éagsúla a bhí sa tsiúl

- Cad é a d'fhoghlaim muid faoinár n-inchinn?
- Cad é mar a mhothaíonn tú faoin méid atá foghlamtha agat inniu?
- Cad é air a mbeidh cuimhne agat ón lá inniu?

Anois iarr ar gach duine samoineamh ar aon fhocal a chuireann síos ar an seisiún dar leo - is féidir go mbaineann sé le hábhar na ceardlainne, nó leis na barúlacha s'acu ar an cheardlann. Gabh thart ar an ghrúpa agus iarr ar gach duine focal amháin a rá os ard, duine i ndiaidh duine ar luas iontach gasta, mar a bheadh titim dúradáin ann. (Is cuma má dhéantar athrá ar fhocal áirithe amháin.)



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

An Mála Foghlama

Aidhm: le hachóimre a dhéanamh ar eolas sealbhaithe go dtí seo

Áiseanna: mála droma a bhfuil réimse ábhar istigh ann

Am: 10-15 bomaite

Cuideoidh an ghníomhaíocht áirithe seo leis na páistí chun a gcuid málaí uirlisí féin a shealbhú. Sa mhála droma, tá cuid de na rudaí atá tábhachtach le haghaidh foghlama, le cuidiú leo ullmhú don turas foghlama. Cad é air a dtig leo cuimhniú maidir leis an fhoghlaim a tharla sa seisiún deireanach?

Tabhair cuireadh do na páistí teacht amach, an mála droma a mhothú agus rud éigin a bhaint as. Thig leis na páistí fanacht chun tosaigh sa ghrúpa le greim ar an ní atá bainte amach acu nó é a chur ar taispeántas, áit a bhfeicfidh gach duine é. Ná cuir níos mó ná 10 rud sa mhála m.sh.

-1. Banana

Bia maith ag an inchinn bananái

2. Buideál uisce

Is gá neart uisce a bheith ag an inchinn le haghaidh na foghlama éifeachtaí

3. Dlúthdhiosca

- Thig le ceol cuidiú linn foghlaim

Bíonn tionchar ag cineálacha ceoil ar leith ar an fhoghlaim. m.sh. Bíonn ceol suaimhneach de luas measartha mall tairbheach maidir le rud a chur de ghlanmheabhair

4. Paca de mharcóirí

Is breá leis an inchinn dath. Nuair is gá dúinn cuimhniú ar rud éigin, cuidíonn sé nuair a úsáidimid dath le béim a chur air agus chun é a shoiléiriú.

5. Léarscáil -

Bíonn fios an bhealaigh de dhíth orainn; is gá dúinn spriocanna a leagan. Is maith leis an inchinn é nuair a bhíonn tuiscint aici ar cad é atá á fhoghlaim againn agus an fáth a bhfuil sé á fhoghlaim again. (bíonn dlúthbhaint idir seo agus mapáil inchinne - seift luachmhar eile le haghaidh foghlama



6. Píosa rópa-

Is gá do d'inchinn labhairt agus cumarsáid a dhéanamh le hinchinní eile chun tuilleadh cealla a cheangal- Iarr ar bheirt dheontóirí seo a léiriú mar a choinníonn siad greim ar dhá cheann an rópa.

7. Póstaer d'aoibh gháire an-leathan nó póstaer ar a bhfuil ráiteas dearfach.

- Is comhartha é seo de mheon agus de chur chuige dearfach. Má insíonn tú do d'inchinn go bhfuil sí ábalta rud áirithe a dhéanamh, méadaítear na seansanna go mbeidh sé ábalta a dhéanamh. Tá an dearcadh " Thig liom" iontach tábhachtach i leith foghlama.

8. Ceannadhairt

Tá codladh riachtanach sa phróiseas foghlama

9. Ceamara

Is breá le d'inchinn pictiúir agus is féidir léi 35,000 íomha a aithint in aghaidh na huair

10. Bróg reatha

Tá tionchar nach beag ag gluaiseacht ar an fhoghlaim fosta mar go mbíonn mórán ocsaigine de dhíth ar an inchinn. Tá sé tábhachtach fosta aclaíocht a dhéanamh go rialta.

Ceisteanna le machnamh a spreagadh-

Cé mhéad de na rudaí seo a tig leat cuimhniú orthu?

Cé mhéad acu a mbeidh tú ábalta cuimhniú orthu ar an tseachtain seo chugainn?

Cad é eile a ba mhian leat a chur isteach i do mhála foghlama pearsanta féin?

Pointí machnaimh

Is féidir linn cuimhniú ar áiseanna radhairc go furasta

Beidh seans níos fearr ann go gcuimhneoidh na daoine a bhí páirteach, iad siúd a thóg rud as an mhála, níos fearr ná na daoine eile nár thóg os rud é go raibh siad páirteach.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Insint m'inchinne.....

Aidhm:

- Faill a thabhairt do na páistí tuilleadh taitní a chruinniú ar na fíricí faoin inchinn a tugadh dóibh sa seisiún deireanach agus a gcuid eolais féin a chur i láthair.

- Faill a thabhairt do pháistí plé a dhéanamh le chéile le barúlacha pearsanta ar an fhoghlaim a roinnt

- Plé a spreagadh ar na difríochtaí idir ábhair atá de dhíth orthu agus ábhair is fearr leo.

Áiseanna:

Am: 15 bhomaite

FÍRIC: Is furasta dearmad a dhéanamh ar ábhair muna dtéimid siar ar an fhoghlaim. Cuideoidh an ghníomhaíocht seo linn athbhreithniú a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha again.

Roinn na páistí i ngrúpaí de thriúr agus tabhair clúdach litreach ina bhfuil na túsabairtí seo;

Is maith le m' inchinn.....

Ní maith le m' inchinn.....

Is iad na riachtanais a bhíonn ag m'inchinn.....

Sa chlúdach litreach fosta, bíodh focail, frásaí agus pictiúir a chuirfidh na páistí leis na codanna abairte thuas chun abairtí iomlána a chur le chéile. Do pháistí ar bith a bhfuil na scileana léitheoireachta s'acu go fóill á bhforbairt, is leor na pictiúir a mheaitseáil le tús na n-abairtí cuí. Thig leis na páistí pictiúir bhreise a chur leis na habairtí fosta. Le linn an phróisis seo, bíonn sé tairbheach ag na páistí a gcuid smaointe a phlé.

I ndiaidh 5/10 bom, nuair a bhíonn an mheaitseáil déanta ag an chuid is mó de na grúpaí, iarr orthu dul chuig grúpa eile chun comparáid a dhéanamh idir na freagraí a fhaightear agus difríochtaí a phlé.

Nuair a chríochnaíonn na páistí, is dócha go mbeidh an ghrúpáil atá déanta acu ag teacht leis an rangú seo.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Fréamhacha abairtí	Is maith leis an inchinn	Ní maith leis an inchinn	Is iad na riachtanais a bhíonn ag an inchinn ná
Focail agus frásaí	Dath Suaimhneas Ceol Aclaíocht inchinne Greann Aoibh an gháire Dearcadh dearfach Dúshlán Smaointe a roinnt le daoine eile nuair a éiríonn go maith leis moladh a fháil mothú sábháilte pictiúir	Deochanna coipeacha, Bia siúcruíl agus geireach Meancóga a dhéanamh	Aer úr/ ocsaigin Uisce úr Bia slaintiúil Glaiseacht Go leor codlata Bricfeasta Am le smaoineamh ar an fhoghlaim

I ndiaidh do na páistí na fréamacha a mheaitseáil leis na deirí agus plé a dhéanamh orthu, thig plé a spreagadh ansin faoin difríocht idir 'is maith' agus 'riachtanais' murar tháinig an cheist aníos cheana féin

Pointí Foghlama :

Is iomaí riachtanas a bhíonn le sásamh chun foghlaim éifeachtach a dheanamh, leithéidí cothaitheach agus codlata srl.

Is maith leis an inchinn rudaí áirithe, a chuidíonn leis feidhmiú níos éifeachtaí m.sh. dath agus pictiúir.

Nuair a labhraíonn tú ar do chuid foghlama agus nuair a dhéanann tú athbhreithniú air, cuidíonn sé le d'inchinn an t-eolas sin a choinneáil, a dhainiú agus a úsáid arís.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Eagsúlachtaí:

- Déan dhá charn de na focail

Is maith leis an inchinn

Ní maith leis an inchinn

- Cuir na fréamacha abairte ar bhallaí difriúla. Nuair a léann tú amach an focal, thig leis an páistí rith chuig an bhalla chúí.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Éist lenár gcuid feasa agus beidh tú faoi gheasa!

Aidhm;

- Am a thabhairt do na páistí a gcuid eolais faoin inchinn a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla
- Faille a thabhairt do pháistí a gcuid eolais a mhúnlú agus a chur i láthair sa dóigh is go mbeidh sé ag fóirstean do luchtanna éisteachta / féachána áirithe.

Áiseanna; Trí leathanach de pháipeár glan agus pinn daite (do gach grúpa); leathanach ar a bhfuil na treoracha " Éist lenár gcuid feasa agus beidh tú faoi gheasa", leathanach ar a bhfuil an t-ábhar a bheas le cur i láthair

Oibríonn na páistí i ngrúpaí beaga ar an topaic a leanas

- ag baint úsáide as mo chorp
- mo mhothúcháin
- ceol, dath agus pictiúir
- bia, deoch agus codladh

Is é an dúshlán atá rompu ná go gcaithfidh siad machnamh a dhéanamh ar an topaic sin. Ansin, caithfidh siad cinneadh a dhéanamh i gcomhpháirt faoi chomhairle agus moltaí a dhéanfadh siad ar an topaic áirithe sin do na luchtanna éisteachta seo a leanas

- páistí eile agus ranganna
- tuismitheoirí agus baill teaghlaigh
- múinteoirí

B'fhéidir gur mhaith leat a rogha a fhágáil ag na páistí faoin topaic a dhéanfaidh siad nó thig topaic áirithe a thabhairt do ghrúpa áirithe.

Is féidir leis na páistí na moltaí a dhéanamh mar leathanach comhairle nó mar phóstaer. Ag brath ar riachtanais agus ar bhuanna na bpáistí, b'fhéidir gur mian leat réimse de mheáin a thairiscint dóibh m.sh. dán / amhrán a chumadh, dráma a chur i láthair, cláir ríomhaire chúí a úsáid.



Curriculum Advisory & Support Service
Supporting Learning



INVESTOR IN PEOPLE

Éagsúlachtaí

Do pháistí óga nó do pháistí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu leis an ghníomhaíocht áirithe seo, thig na háiseanna ón ghníomhaíocht dheireanach a ghearradh agus a úsáid (na léaráidí agus focail) le póstaer srl. a dhearadh nó thig leo a bpictiúir féin a tharraingt agus iad a mhíniú ó bhéal leis an eolas a thabhairt.

Pointí Machnaimh

D'fhéadfadh úsáid bhreise ábhar coinréiteach a bheith de dhíth in ábhar amháil mata. Cead acu cuntas ar a méara.

Bíodh sosanna agus aclaíocht inchinne agaibh. Cuir uisce ar fáil.



Teagasc, cleacht agus úsáid seach-straitéisí: ríomhairí glúine, deachtafóin, closleabhair, litreoirí, leagan achoimrithé d'úrscéalta, léitheoir scáileáin.

Seiceáil leagan amach na suíochán sa rang: An dtig leis an pháiste tusa agus an clár/leideanna amhairc a fheiceáil? Cuir an páiste ina s(h)uí áit a dtig leat cuidiú leis/léi agus teagmháil réidh súl a dhéanamh leis/léi. Is féidir grúpáil de réir taisc, ní gá grúpáil de réir leibhéil litearthachta.

Roghanna Céadfacha

Amhairc	Éisteacht	Tadhall	Cinéistéiseach
			
Téacs a léamh	Monalóg a chluinstin	Tadhall	Luail fhisiceach agus gluaiseacht sheachtrach
Léaráidí, pictiúir agus lomhánna a fheiceáil	Éisteacht le plé agus bheith páirteach ann	Láimhseáil	Luail inmheánach i. mothúchan, dea-mhothú faoi mhúinteoir nó faoi ábhar
Radharc inmheánach i. samhlaíocht	Féinchaint agus dialóg inmheánach	Ionramháil	

Bímis ag caint!

Cuireadh na páistí an méid atá le déanamh acu in iúl. Cuir an ghné seo chun cinn le linn gníomhaíochta, ceadaigh caint chomhoibritheach. Spreag na páistí le ceisteanna a chur.

- Tabhair am dóibh le smaoinreamh
- Iarr orthu ceisteanna a smaoiníonn siad orthu le cur ort ag an deireadh a chur ar 'phoistíní'.
- Freagair go dearfach do cheisteanna agus do fhreagraí araon.

Is maith le foghlaimeoirí amhairc:

Riomhairí, Teilifís, Cluichí cláir, Pictiúirleabhair, irisleabhair, Leideanna amhairc léitheoireachta Pinn dhaithe/líniócht Cruthanna focal Sreanga litreach fónaice amhairc Luaschártaí Rianú



Is maith le clos-fhoghlaimeoirí:

Treoracha béil Plé, piar agus grúpa Leabharthéipeanna, amhráin, rímeanna Ag éisteacht le scéalta á léamh ag an mhúinteoir Drámaí Riomhaire Fónaic



Is maith le foghlaimeoirí cinéistéiseacha:

Gníomhaíochtaí praiticiúla Gníomh fisiciúil Gníomhaíochtaí láimhe Dráma a dhéanamh de scéalta Gearr agus greamaigh Litreacha maighnéadacha Clár bán Riomhaire



Tabhair treoracha soiléire:

1. Má bhíonn cuid mhór eolais nó treoracha le tabhairt agat, bris anuas ina 'giotaí beaga' iad, ag glacadh sosa idir gach giota óir is deacair giotaí móra fada a phróiseáil.
2. Abair rudai san ord ar mhaith leat iad a bheith déanta.
3. Gearr anuas ar an mhéid a deir tú. Léiríonn torthaí taighde gur daoine fásta a bhíonn ag caint 90% den am i rang. Is rídheacair ag duine óg ar a bhfuil displéice é seo a láimhseáil.
4. Má labhraíonn tú níos fadálaí, tabharfaidh daltaí freagraí níos faide agus beidh faill acu níos mó a rá.
5. Seachain abairtí casta ar nós, 'cuir an ceann a shíl tú a bhí ann in aice leis an cheann is mó ná é'.
6. Cuir an comhrá chun cinn: Déan trácht ar an rud atá siad a dhéanamh, glac sos agus in áit ceist a chur, cuir an comhrá chun cinn 'Chím gur roghnaigh tú an leabhar sin. An bhfuil eolas agat ar an údar?'
7. Glac sos i ndiaidh ceist a chur – in áit spás folamh a bheith agat, tiontaigh agus scríobh rud éigin ar an chlár nó abair, 'beidh mé ar ais chugat ar ball le freagra a fháil'.



Seomraí Ranga Bunscoile a Thacaíonn le Disléisce

Léitheoireacht

- ábhar a chuireann le cumas agus réimse suime reatha a roghnú (inléiteacht 80%)
- straitéisí léitheoireachta eiseamláirithe, roinnte agus faoi threoir
- ceart pasála a cheadú le linn seisiúin léitheoireachta
- deiseanna a thabhairt le hathléamh ar mhaithe le tuiscint
- scileanna scimeála agus sracléimh a theagasc
- modhanna léitheoireachta péireáilte agus le píaranna a úsáid
- úsáid forleaganacha agus rialóirí léitheoireachta

Ceadaigh am breise óir tá a oiread dua a caitheamh ag cuid mhór daltaí ar a bhfuil disléisce leis an scríobh a dhíchódú nach bhfuil siad ábalta an méid atá léite acu a thuiscint. Léigh leo nó éisteadh siad le leabhair chainte/éisteachta. Ná glac leis go **bhfuil a fhios** ag daltaí cén stíl léitheoireachta ata de dhíth le cur le tascanna éagsúla:

- ceisteanna scrúduithe
- léamh le fíricí a bhaint as
- eolas sonrath ar leith
- forbhreathnú ginearálta
- pléisiúr

Cinntigh go bhfuil páiste ar a s(h)uaimhneas maidir le léamh os ard leis an rang. Más féidir, tabhair deiseanna dóibh cleachtadh/ ullmhú roimh ré nó tabhair cead pasála dóibh.

Is próiseas casta an léitheoireacht inar gá inniúlacht ar an iomad scileanna. Baineann sé le bogadh ó choincheapa cló go dtí na bunscoileanna meicniúla atá de dhíth le litreacha agus focail a léamh go dtí scileanna a bhaineann le ciall focal, abairtí, paragraf agus caibidil a thuiscint. Is ar luas difriúil a bhogann páistí agus iad ag forbairt na scileanna seo agus bíonn cumas éagsúil acu agus iad ag dul i ngleic le gach céim. Is cuidiú iad an teagasc éifeachtúil, an tacaíocht leanúnach agus an díanseasmhacht sa phróiseas seo. Níl córas foirfe ar bith ann nó dóigh cheart amháin le léitheoireacht a theagasc do léitheoirí atá ag streachailt ach caithfidh an dea-theagasc díriú ar gach réimse léitheoireachta, má tá sé le bheith éifeachtúil:

- Feasacht Fóineolaíochta
- Fónaic léirchórasach
- Straitéisí díchódúcháin
- Aithint focal (analach, comhthéacs, focail armhínicíochta)
- Siollúchán/briseadh ina ghiotaí
- Líofacht léitheoireachta
- Eolas focalstóir
- Tuiscint

Le haghaidh tuilleadh eolais ar thacaíocht indibhidiúil, léigh 'The Dyslexia Checklist: a Practical Reference for Parents and Teachers, Sandra F Rief, Judith M Stern. ISBN 978-0-470-42981-5


Le deacrachtaí amhairc a íoslaghdú

Tabhair fótachóip de do nótaí agus déan leatháin oibre soláite trí

- iad a dhéanamh soiléir, simplí, agus dea-leagan amach orthu.
- Folliú a sheachaint nó d'fhéadfadh scríbhneoireacht dhoiléir a bheith mar thoradh air, úsáid cló trom nó dathanna nó an dá chuid.
- Méid cló 12 nó 14 ar a laghad a úsáid agus spásáil 1.5.
- Croiphictiúir a úsáid le sos a thabhairt do na súile.
- Pictiúir nó siombailí a chur isteach le cuidiú leis an fhoghlaimoir naisc agus ceangail a dhéanamh leis an téacs agus lena gcuid eispéireas féin.
- Croífhocail a chur i mbosca acoimre, le cur ar ehumas an léitheora smaoineamh a fháil ar an pointe boise.
- Barraíocht athruithe clónna a sheachaint. Clónna a roghnú a thaitníonn le páistí ar a bhfuil disléisce agus Times New Roman a sheachaint .i. Arial Comic Sans Trebuchet Verdana Tahoma SassoonCRInfant
- Más féidir, dath, neamhlonrach nó páipéar nach bhfuil róchaol a úsáid.
- Téacs a choinneáil éagothrom agus gan bheith comhfhadaithe, fágann sé sin gur fusa rianú (tracking) ó líne go chéile.



Úsáid páipéar daite agus cúlraí daite ar chur i láthair ar an chlár bhán.



Cuir réimse forleaganacha trédhearcacha ar fáil.

Coinnigh an suíochán amach as solas díreach na greine agus ar shiúl ó sholas fluaraiseach nó coigeartaigh an solas sa seomra ranga.

Comhad Acmhainní Sainriachtanais Oideachais AG LÉAMH, AG SCRÍOBH AGUS AG LITRIÚ DO PHÁISTÍ A BHFUIL SRO ACU

Tabhair treoir mhaith do thuismitheoirí ar an dóigh le tacú lena gcuid páistí agus iad ag léamh (Amharc an rannán a bhaineann le tacaíocht do thuismitheoirí). Tá cuid mhór tacaíochta do thuismitheoirí ar fáil ar an idirlíon. Amharc an liosta suímhanna idirlín a bhfuil tagairt dóibh.

Cuir straitéisí tacaíochta léitheoireachta ar taispeáint sa seomra ranga, i ndialanna obair baile agus i leabhráin taifead léitheoireachta.

Cad é mar a léimid focal nach bhfuilimid cinnte de...?

Ar dtús, smaoinigh ar:
An leabhar nua é seo atá tú a léamh?
An bhfuil pictiúir nó teideal ar bith ar an chlúdach tosaigh?
An bhfuil leideanna ar bith ar na chéad leathanaigh?



Ansin, amharc níos géire ar an fhocal agus... bain triail as:



1. Amharc ar phictiúr le tacú le do rogha
2. Abair an chéad fhuaim **s**
3. Abair gach fuaim **s r á i d** **sráid**
4. Cuir na siollaí le chéile tuis / mi / theor
5. Léigh ar aghaidh 'Bhí sráid fhada chaol romham'
6. Smaoinigh, an bhfuil ciall leis seo....
7. Gabh siar, seiceáil agus cóirigh!

Le tacú le léitheoireacht agus tuiscint

I do sheomra ranga, féach le:

Lipéad a chur ar an trealamh uile le pictiúir chomh maith le focail.

Gan rudaí a bhogadh thart.

Léaráidí a chur ar fáil le cuidiú le daltaí cuimhneamh ar fhocalstór agus ar théarmaíocht eolaíochta.

Trealamh a **thaispeáint agus a ainmniú** nuair a bhíonn treoracha á dtabhairt nó coincheapa úra á minniú.

Cruthaigh mataí cuidithe agus coinnigh iad ar mhéaróg chuimhne ina dtaispeáint ar cniár bán idirghnómhach i seomra ranga ar bith. Le tacú le focail dhearra a léamh le linn gníomhaíochtaí éagsúla scríbhneoireachta.

Le tacú le léitheoireacht agus le sain-fhocalstór ábhair a thabhairt isteach agus a chleachtadh agus, nuair is féidir, leideanna grafacha a thabhairt. Cuir póstaear ar ballaí an tseomra mar chur i gcúimhne i rith ama ar fhocalstór, ar chomharthaí agus ar fhoirmlí matamaitice. Liostaí croífhocal, liostaí focal faoi choinne scríbhneoireachta agus teasáras.

Inné an Luan.

Tagann an Luan i ndiaidh an Domhnaigh.

Tháinig Pól i mo dhiaidh.



$-$ deachaidh	$+$ sáraitheas	\times sáraitheas	\div sáraitheas	$=$ sáraitheas
\neq ní híreann	\approx sáraitheas	\rightarrow sáraitheas	\equiv sáraitheas	∇ ní híreann
\pm sáraitheas	\leq sáraitheas	$>$ sáraitheas	\geq sáraitheas	$<$ sáraitheas

Leigh ceisteanna os ard ina ngiotáil mar chuidiú le ciall a bhaint astu agus le cuimhne ghearrthéarmach.

Má tá tú ag iarraidh ar pháistí cóipeáil nó léamh os ard ó chlár, smaoinigh ar scríbhneoireacht de dhathanna difriúla a úsáid ar gach líne nó réaltaí daite ag tús agus ag deireadh abairte. Cuidíonn sé seo leo gan a n-áit a chailleadh agus, i gcás daltaí áirithe fágann sé an rianú níos fusa.

Sheol an long trasna na farraige.
Tháinig sí i dtír ar oileán.
Chuaigh na mairnéalaigh ar cuairt.

- * Sheol an long trasna na farraige. *
- * Tháinig sí i dtír ar oileán. *
- * Chuaigh na mairnéalaigh ar cuairt. *

TRIAIL CÚIG MHÉAR

Roghnaigh leabhar le léamh. Oscail sa lár é. Léigh síos tríd an leathanach agus ardaigh méar ar gach focal ar an leathanach nach dtóg leat a léamh.

Méar ar bith nó méar amháin:
Is furasta duit an leabhar seo a léamh. Bain sult as!

Dhá mhéar:
Tá an leabhar seo díreach i gceart duit. Léigh leat!

Trí mhéar:
Tá an leabhar seo dúshlánach duit ach b'fhéidir go mbainfeá sult as. Féach leis!

Céithre mhéar:
Tá an leabhar seo an-dúshlánach duit. Léigh le páirtí é agus/nó biodh foclóir agat.

Cúig mhéar:
Is dócha go bhfuil an leabhar seo ró-dheacaí. Léigh am éigin eile é nó léigh é le duine fásta a chuidíonn leat.



Éireann	Saibhreas	Óró	Géinealach
Mionna na bliana: Eanáil Feabhra Máire Aibreán Bealtaine Meitheamh Iúil Lúnasa Aibreán a Gheibhinn Fómhaire Deireadh Fómhaire	Láithre na seachtaine: Láin Máire Ondas Deoras Aine Séadar Deoras	Na blianta: Aibreán Máire Aibreán Deoras Aine Séadar Deoras Máire	Na blianta: Aibreán Máire Aibreán Deoras Aine Séadar Deoras Máire

Tabhair isteach gníomhaíochtaí léitheoireachta péireálte, roinnte agus piar mar chleachtadh breise, le líofacht a fheabhsú, cuidiú le tuiscint agus muinín a chothú . Tag: www.dyslexiascotland.org

Is dóigh iontach maith na leabhair i gclos/normáid le téacs a rochtain as leabhair atá a gcuid piaraí a léamh: leabhair ípad, Calibre Audio library, www.listeningbooks.com, podchraoladh, www.browsealoud.com

Seomraí Ranga Bunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Scribhneoireacht

- peannaireacht reatha a thabhairt isteach go luath
- cóipeáil a ioslaghódú agus deachtú fada a sheachaint, léamh profaí a chur chun cinn
- ardchaighdeán seachas ardchainníocht a iarraidh
- scríbhneoireacht eiseamláiríthe, roinnte agus faoi threoir
- ballaí focal a úsáid agus 'leathanach iarrachta' a chur ar fáil do gach gníomhaíocht scríbhneoireachta
- greamanna pinn luaidhe agus réimse uirlisí scríbhneoireachta a sholáthar
- pointí le hurchair nó scafalra m.sh. meabhairmhapai agus frámaí scríbhneoireachta

Is féidir peannaireacht dalta a fheabhsú agus tacú léi trí:

- A scileanna mínluaile a fheabhsú trí dheaslámhacht agus neart matánach ina lámha a fheabhsú.
- A léargas amhairc agus a scileanna próiseála a fhorbairt .i. trí rianú, spota go spota, lúbraí, páipéar lineach, mionsamhlacha 3T de litreacha, ciúnna do dheas/clé srl. a úsáid.
- An méid atá de dhith ort a eiseamláiriú, a thaispeáint agus a insint do na daltaí.
- Uirlisí agus ábhair chuí scríbhneoireachta a chur ar fáil .i. greamanna pinn luaidhe, rialóirí, fánáin scríbhneoireachta, suíocháin chuí agus próisealáin focal.

Trína chéile i leith clé/deas
Seo mo lámh
chlé, déanann
sé an
cruth L



b atá deas
ag deasóg



níl d ciotach
ag ciotóg





Abair 'Hubba Bubba'
Scriobh 'h' agus ansin
druid é le 'b' a
dhéanamh

h → b




bád

Rialóir




Aimsigh an difear, lúbraí



Déan an 2 phictiúr mar an gcéanna.

Áirítear ar Ghníomhaíochtaí le neart agus deaslámhacht a fheabhsú:

- Cleachtaí ar neart gualainne, sciathán agus lámh
- Gníomhaíochtaí clár pionnaí, iallacha, coirniú agus fuála
- Togáil Lego/naisc
- Liathróidí fáiscthe
- Cluichí: Bataí a Thógáil, sórtáil amaithe cruthanna



Cláir thraidisiúnta
ABC agus cláir reatha
inghlanta. Cláir
inghlanta líneacha
déthaobhacha.

Roghnaigh an leibhéal ceart le gníomhaíochtaí scríbhneoireachta a fhorbairt trí dhul chun cinn, m.sh.

- Pictiúir a shórtáil
- Pictiúir a mheaitseáil le focail
- Pictiúir a chur in ord seichimh
- Pictiúir agus focail a chur in ord seichimh
- Pictiúir a mheaitseáil le habairtí
- Abairt a scríobh thíos faoi phictiúr

An dóigh leis na nithe seo a dhéanamh a theagasc go follasach

- Meabhairmhapáil, gréasáin damháin alla le pictiúir, focail agus abairtí a úsáid, sreabhchairteacha a dhéanamh agus gníomhaíochtaí cloze a chomhlánú.
- Pointí le hurchair agus réimse frámaí scríbhneoireachta a úsáid.
- Téip, fiseán nó cuachtphointe a úsáid le haghaidh scéil.
- Stileanna éagsúla scríbhneoireachta a úsáid ag brath ar an lucht léite agus dánta de stíleanna difriúla a scríobh.

Le cuidiú leat teorainn a chur le héilimh na scríbhneoireachta, ceadaiigh úsáid roghanna eile.

- Ceistiú béil, 'Labhair faoi' nó caint a thairfeadh
- Pointí le hurchair, léaráidí/léarscáileanna lipéadaithe
- Cineálacha réad/ réada a mheaitseáil le lipéid
- Sreabhchairteacha/meabhairmhapáil/gréasáin damháin alla
- Mionsamhlacha/pictiúir/póstaeir 3T, 2T
- Drámaíocht: rólghlacadh
- Úsáid próiseáil focal a chur chun cinn
- Freagraí a aibhsiú/chiorclú/tic a chur leo
- Cluichí a chumadh leis an fhoghlaim a athneartú.

Tabhair neart ama leis an scríbhneoireacht a chomhlánú.



Teagasc próiseáil focal, cuir úsáid ríomhairí glúine agus alpha smarts chun cinn

Scileanna léite profaí a theagasc


Úsáid C.A.P.A.L.L. seiceáil

Ceannlitreacha
 Fágtha AR lár
 Poncaíocht
 Agus
 Litrígh
 Leat

Poncaíocht de réir cluaise!

An bhfuil an chuma cheart air nuair a léann tú é?

Má bhíonn tú ag úsáid gníomhaíocht cloze bíodh na focail ann fosta:



Power,
 Organise,
 Write,
 Edit,
 Redraft

POWER

Fill in the missing words
 My Twin Brian

I have an _____ twin. His name is Brian. When he was a small _____ he got into an _____ or trouble. Being absent makes _____ for things that he did because he got into all sorts of _____.

One day _____ a very short time we left home. He made me _____ with the shopping and cut some of my hair. _____ to be _____ in the road when you are only _____.



He went to get _____ called Clary. One day he thought Clary was a school. Clary decided to follow me _____ out of the road. He then read to _____ and I began every child in the school. I was very _____ when I read and even over his _____ I got into trouble. I read with Mrs. Williams our teacher. I got the letters for being _____ to read.

The day after when when when when when a very early she decided to call me _____ I was to add one or two lines _____ those who he thought it would be the equivalent to me, that he wanted to give her a bit of a _____ the weekly _____ with about. That night when was a certain light. I was very happy.

Eventually Clary had to _____ want to be the very thing. He promised he would be kind and respectful that he would be nice to me and he would be _____ what a terrible child he was. But now _____ to a girl my best friend!

Identical _____ kinds, identical _____ some more for the _____ like _____ spoken _____ instead _____ Brian _____ instead _____


© 2004 by Mrs. David F. Jones. 002-070. April 2004



Nuair a bhíonn páiste ag scríobh:

- Úsáid 'poistín' le litriú a thabhairt
- Ceadaiigh 'leathanach iarrachta'
- Bíodh clár inghlanta ar aghaidh láimhe
- Úsáid litreoirí
- Ceadaiigh úsáid stiallacha aibtre le foirmiú litreacha a dhearbhu.

Úsáid creata le smaointe a struchtúir le linn na gcéimeanna deiridh oibre nó leis an fhiosa deiridh oibre a chur ar taispeáint.



Seomraí Ranga Bunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Litriú

- clár litrithe carnach, struchtúrtha agus ilchéadfach a úsáid
- straitéis 'a fheiceáil mar is ceart' (le húisáid ar an leathanach iarrachta) a theagasc
- glacadh le litriú loighciúil (gan rócheartú a dhéanamh)
- díriú ar na píosaí is casta
- neamónaic a úsáid i gcás focal atá mírialta ó thaobh na fónaice de
- cluichí agus TFC á úsáid le scileanna agus eolas litrithe a fhorbairt
- 'trialacha litrithe' a sheachaint, gan aiseolas na teipe a thabhairt

Úsáidtear na cainéil chéadfacha uile sna móid ilchéadfacha próiseála eolais le go n-uasmhéadaítear spreagadh na gceangal agus na cuimhne. Is cuidiú iad lena chinntiú go nglactar isteach agus go stóráiltear eolas.



Is annamh an litriú comhsheasmhach ag dalta ar a bhfuil disléicse. Mar sin de, ní cuidiú ar bith dóibh é, 'iarraidh orthu focail a 'chóipeáil' arís is arís eile. Tabhair modh struchtúrtha dóibh le druileáil a dhéanamh agus le focail a chleachtadh ar bhonn comhsheasmhach. Inis dóibh faoi straitéisí a bhaineann le focail atá mírialta nó ciotach trí theacht ar an dóigh is fearr a fhóireann dóibh féin.

Le litriú (agus léitheoireacht) éifeachtúil a chur chun cinn, moltar clár córasach, carnach agus struchtúrtha fónaice le córas fuaime an Bhéarla agus na Gaeilge a theagasc do dhaltai. Dá fheabhas an tuiscint atá ag múinteoir ar struchtúr an dá theanga, is amhlaidh is fearr iad i mbun tacaíochta dá gcuid daltaí ar bhfuil disléicse. Cinnteoidh cur i bhfeidhm cur chuige tréan ilchéadfach i leith teagasc clár ar bith fónaice go neartófar scileanna litrithe, m.sh. úsáideann Seirbhís Tacaíochta SpLD Peiripitéiteach BELB Clár Litrithe Have a Go! agus Ábhair Thacaíochta Sound and Words do na daltaí siúd a bhféadfaí tacaíocht agus athdhaingniú breise agus cleachtadh litrithe a bheith de dhíth orthu.

Féach acmhainní.



<p>Ní chiallaíonn 'Amharc' spléachadh gasta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Siombail na litreach a mheitseáil le fuaim. • Codanna d'fhocal atá ar eolas cheana a aithint, 'teach', 'nach', 'deoch'. • Codanna suimiúla, éasca d'fhocal a aithint agus a aibhsiú, 'Seán', 'milseán'. • Fócas ar struchtúr focail (iolra, réimír, iarmhír, fréamh agus foircinn). • Pictiúr a tharraingt le cuimhneamh ar an chuid dheacair nó ar fhocal deacair. • Focail bheaga i bhfolach taobh istigh d'fhocal fada a aithint. • Amharc ar an fhocal, glac pictiúr de i d'intinn, ansin samhlaigh é ar bhalla bán. • Spreag daltaí le tacaíocht a lorg ó bhalla focal an range. 	<ul style="list-style-type: none"> • Na fuaimeanna a rá agus an áit a bhfuil na fuaimeanna sa bhéal a mhothú • Na fuaimeanna a rá agus amharc sa scáthán leis an áit a ndéantar iad a fheiceáil. • An focal a rá agus tú ag amharc air • Na siollaí aonair a chnagadh ar thábla agus tú á rá • Litreacha nó fuaimeanna focal a chanadh • An focal a rá mar a litrítear é seachas an fhuaim, m.sh. barr-ai-och-t • Guthanna difriúla a úsáid, m.sh. pearóid, róbat agus Meiriceánach. • Scriobh an focal mar a deir tú é, ach 'é a fheiceáil mar is ceart'. An bhfuil an éagsúlacht cheart agat? 	<p>Is den riachtanas an dea-éisteacht</p> <ul style="list-style-type: none"> • Eiseamláiríonn an múinteoir agus déanann daltaí fuaimeanna fíora • Daltaí ag meitseáil na fuaime le siombail litreach • Fuaimeanna a chumas a chleachtadh le focail a tháirgeadh ó bhéal (caint na léitheoireachta) • Focal a shneadh agus a bhriseadh anuas a chleachtadh (caint litrithe) • Ionramháil focail a chleachtadh, m.sh. cad é 'teach' gan an 'te'? • Idirhealú idir fuaimeanna, m.sh. 'fa' agus 'bhea' • Na fóinimí a chnagadh ar thábla le méara, ag tosú leis an ordóg (LD) agus lúidin (LC) • Rimeanna a chleachtadh, m.sh. ball, thall, anall. • Aimsigh an ceann corr: m.sh. teach, isteach, amúigh. • Éist le bunús focal (word origins). 	<ul style="list-style-type: none"> • Na focail/litreacha a rianú le méar ar ghreanpháipéar nó ar ghaíneamh. • Na focail a thógáil le cártaí litreacha adhmaid, plaistigh, cúir (measctha agus fuaim ar lár). • Scriobh agus athscríobh ar chlár inghlanta, ag úsáid script reatha. • Tarraingt thart ar chruth an fhocail iomláin. • Na siollaí a mhothú faoi do smíg, míreanna mearaí d'fhocal atá níos faide. • Focail nó codanna d'fhocail a scríobh le dathanna difriúla. • An focal a scríobh 'sa spéir'. • Codanna deacra a aibhsiú, diaidh, bhfaighidh, rogha. • Cruthanna litreacha a dhéanamh i gcorpoideachas.
<p>Úsáidtear céadfaí nasctha i roinnt gníomhaíochtaí, a dhéanann ceangal láidir do dhaltai.</p>			

Ballaí éifeachtúla focal a chruthú le tacú le litriú

1. Ós rud é go gcuimhnítear ar fhocail, ar dhóigh, as an chuma atá orthu.
2. Seachain úsáid ceannlitreacha (ach le hainm dílis) óir ní fheiceann siad cuma uathúil an fhocail
3. Úsáid pictiúir, grianghraif, siombailí le focal a léiriú.
4. Aibhsigh, folainigh, cuir cló trom nó dath ar an graiféim chiotach taobh istigh d'fhocal.

Cruthaigh pírimid scríbhneoireachta le tacú le litriú le haghaidh scríbhneoireachta. Is féidir pírimid Ros Wilson a íoslódáil ag www.andrelleeducation.co.uk

- Focalstór
- Ceangail
- Oscailtí
- Poncaíocht



UISCE X
Uisce X
uisce ✓

We wear a watch to tell the time

The children watch T.V.



tr



to



Ceartfhoirmiú litreacha, pictiúir agus comhthéacs a úsáid le tuiscint agus litriú 'focal' a fheabhsú.

Ceangail fuaim le leid amhairc

 é	 ae	
cé	lae	beidh
fé	strae	mbeidh
gé	tae	
hé		
pé		
ré		
sé		
té		

Búú! arsa an taibhse



teach
amach
isteach



A Chara

Cuir néamónaic ar taispeánt le focail mhírta nó neamhghnácha a litriú. Spreag daltaí lena gcuid féin a chumadh lena gcur ar taispeánt ar an bhalla focal.

Cruthaigh póstaer faoi choinne 'fuaimeanna' agus litriú dífriúil nó neamhghnách.

Úsáid réimse gníomhaíochtaí meaitseála, focalchuardach, cluichí boird, ríomhchlár le tacú le scileanna litríthe.

island 

An island is land with sea around it.

An Aimsir

an-te	cletha sneachta	grían	sloítha
anfa	connáilte	gráimhar	sneachta
baile	cur	leac oighir	spéir
báisteach	dóite	leoilíne	tais
bráite	frithbaine	marbhánta	línreach
brothallach	fionnuar	néal	lín
ceathach	fiucht	oighear	loineach
ced	fuair	plúchadh	tuille
ceomhr	gála	reilte	tuar ceatha
ceobháiseach	geath	scamail	
cineaita	gaofar	scamallach	
cith	garbh	síoc	

Cuir sainliostaí focal ar fáil ach dul chuig www.smartkids.co.uk

Watch Out! Watch Out!
I can see a witch about

was
wand
want
what
wash
swan
swap
swamp
watch
water



The wicked witch casts a spell on a and turns it into the sound 'o'.

Úsáid teanga ru feidirtheachta:

'Focal iontach é sin, an scríobhfaidh mé duit é?'

'Brisfidh mé anuas ina shiollai duit é, an bhfuil tú réidh?'

'Bain tusa triail as agus cuideoidh mise leat.'

'Sin focal doiligh, cuideoidh mé leat.'

Seomraí Ranga Bunscoile a Thacaíonn le Disléisce

Tacaíocht do Thuismitheoirí

Is den riachtanas an dea-chumarsáid idir múinteoirí agus tuismitheoirí.



Is cuid riachtanach iad na tuismitheoirí den fhoireann a bhíonn ag obair le páistí ar a bhfuil disléisce. Braithfeann siad ortsa mar mhúinteoir ranga straitéisí a thabhairt dóibh le tacú le foghlaim a gcuid páistí.

- Cuidíonn siad leis an léitheoireacht sa bhaile agus tacaíonn siad le hobair baile.
- Faigheann siad tacaíocht ó ghníomhaireachtaí seachtracha .i. súileolaithe, teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga.
- Tugann siad spreagadh do pháiste ar deacair leis/léi an fhoghlaim.



Spreag tuismitheoirí le tacú leis an léitheoireacht trí chuid de na straitéisí agus gníomhaíochtaí cuí seo a leanúint. Cuidigh leo gan barraíocht a bhrú ar a gcuid páistí le míniúcháin agus ceisteanna a dtig leo drochthionchar a imirt ar athchuímhneamh agus ar thuiscint. Níor mhaith le tuismitheoirí tasc strusmhar a dhéanamh den léitheoireacht. Is cur chuige céilli cothrom atá de dhíth i dtaca leis an léitheoireacht a theagasc, a chleachtadh agus a chur chun cinn ar dhóigh thaitneamhach.

ROIMH LÉAMH: Amharc ar an leathanach teidil agus pléigh ábhar féideartha an scéil. Cuir an scéal i láthair, mínigh focail neamhghnácha ar bith atá ann, tabhair achoimre gairid ar an scéal, cleacht díchódú roinnt focal atá rialta ó thaobh na fónaice de agus imir cluichí focal. Seachain léiriú díomá trí do ghuth nó do chomharthaíocht choirp. Ní bhíonn a dhath de mhoill ar léitheoir atá ag streachailt an díomá a mhothú agus tig le timthriall na teipe tosú as sin.

AGUS SIBH AG LÉAMH: Ag na hamanna cuí, cuir ceisteanna, dírig ar na carachtair sa scéal, an méid a mhothaíonn nó a deir siad. Cad iad príomhimeachtaí an scéil? Cé a dúirt cad é? Cá háit a ndeachaigh siad? Cad chuige ar tharla sin? Cad é do bharúil? larr ar an pháiste an chéad rud eile a tharlóidh a thuar. Measc na roghanna léitheoireachta: léigh don pháiste agus é/lí ag leanúint an téacs, léigh an téacs in éineacht leis an pháiste, roinn an téacs de réir abairte, paragraif, leathanaigh. Tabhair deis cleachta, d'fhéadfaí gur mhaith leo abairt nó sliocht gairid a athléamh leis an léitheoireacht líofa a chleachtadh. Eiseamláirigh an dóigh lena dhéanamh ar dtús.

I nDIAIDH A LÉAMH: Pléigh na himeachtaí; athinis an scéal le seiceamh agus achoimriú a chur chun cinn. Cum deireadh eile ar an scéal. larr a mbarúlacha ar na páistí faoi na píosaí is fearr leo, na carachtair is fearr, is measa, cé acu a bhí dúil acu sa leabhar nó nach raibh. Tarraing pictiúr. Más leabhar neamhfhicsin atá i gceist, m.sh. más é ag bácáil cáca an t-ábhar, ba dheas sibh féin cáca a bhacáil. Imir bleachtaire na bhfocal; aimsigh focail dheacra ar leathanaigh ar leith, focail dar tús, dar críoch, ag tabhairt leideanna amhaire agus leathanaigh más gá. Spreag páistí chun iarracht a dhéanamh focail áirithe a roghnaigh tú a litriú ar chlár inghlanta.

Spreag páistí le tacú le litriú

- Inis dóibh faoin chlár litrithe atá tú ag dul a úsáid agus mínigh an dóigh a dtig leo tacú leis sa bhaile, trí chlár inghlanta a úsáid, cluichí focal a imirt, focalchuardaigh a chomhlánú agus focail a chuardach ina gcuid leabhar léitheoireachta.
- Tabhair forbhreathnú ar na fuaimneanna ionas go dtig leo tuiscint níos fearr a bheith acu ar struchtúr an dá theanga. Mínigh go bhfuil an dul chun cinn struchtúrtha agus carnach.
- Spreag tuismitheoirí iarraidh ar na páistí na litrithe a scríobh síos seachas iad ainmneacha litreacha a iarraidh (soláthraigh clár inghlanta agus peann don bhaile).
- Spreag iad le píosaí deacra a aibhsiú, focail a bhriseadh anuas ina siollaí, néamónaice agus guthanna amaideacha a úsáid le gur fusa cuímhneamh ar fhocail dheacra nó mhírrialta.
- Spreag iad le litrithe a chur in abairtí le habairtí eiseamláireacha a thabhairt le go bhforbróidh tuiscint an pháiste ar chiall na bhfocal.



Tá treoir dea-thuismitheoireachta ar an léitheoireacht agus ar roghnú leabhar ag: www.barringtonstoke.co.uk

Google: 'Guide to choosing dyslexia friendly books for kids'

(Waterstones a d'fhoilsigh)

Tuilleadh comhairle agus eolais:

www.bdadyslexia.org.uk
www.dyslexiaaction.org.uk
www.arkellcentre.org.uk
www.dyslexia-parnet.com
www.dyslexiascotland.org.uk
www.parentline.org.uk



Seomraí Ranga Bunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Tuairisc síceolaí a thuiscint: míniú ar roinnt téarmaí a úsáidtear. (Foinse: Dyslexia Scotland)

Scil	Ciall	D'fhéadfadh deacrachtaí bheith i gceist le
Cuimhne éistitheach ghearrthéarmach	Ní féidir eolas a choinneáil agus é á phróiseáil	Meabhairuimhríocht, táblaí iolraithe, foghlaim de ghlanmheabhair, treoracha a leanúint, litriú, ag cuimhneamh ar a gcluineann siad, éisteacht aireach
Amharc-chuimhne	Cuimhneamh ar chruthanna nó ar phatrúin	Litriú a chinntiú, léamh go cruinn, cruthanna a chóipeáil, foghlaim teanga, léaráidí
Seicheamhacht éistitheach	Ord seicheamhach san ábhar a chluintear a bhainistiú	Litriú béil nó táblaí, scileanna foclóra agus tagartha, treoracha a leanúint, breacadh nótaí
Seicheamhacht amhairc	Eagrú siombailí nó cruthanna in ord	Litriú (focail mhírrialta go háirithe), cóipeáil, gnáthaimh uimhríochta, roinnt gnéithe de CDT
Scil amharcluailéach (comhordú súl is lámh)	Comhordú amhairc agus luaile	Lámhscríbhneoireacht, scileanna liathróide, ciotrúntacht le linn corpoideachais, úsáid uirlisí mata, turgnaimh eolaíochta a dhéanamh, líníocht
Cumas amharcspásúil	Aireachtáil réada i spás, suíomh, fad, luas, riocht teibí	Leagan amach leathanaigh, gnéithe de lámhscríbhneoireacht, méid choibhneasta, obair le mapaí, obair mhata le cruthanna, spóirt foirne
Éisteacht nó tuiscint éistitheach	An focal labhartha a phróiseáil	Treoracha a leanúint, aird a thabhairt ar aon ábhar labhartha, furasta a n-aird a bhaint den ábhar, achar airde íseal, furasta mearbhall a chur orthu, foghlaim litearthachta. D'fhéadfaí go mbraithfeadh siad ar dhaoine eile a leanúint.
Idirdhealú éistitheach	Difríochtaí mionchúiseacha idir fuaimeanna a chluinstin	Fiú nuair a deirtear go bhfuil sé seo sásúil, d'fhéadfadh deacrachtaí bheith i gceist le fóineolaíocht a rachadh i bhfeidhm ar litearthacht agus ar fhoghlaim an dara teanga.
Feasacht fhóineolaíoch	Aireachtáil fuaimeanna taobh istigh d'fhocail	Seicheamh fuaimenna i bhfocail, deighilt siollaí, rím, uaim, uathathint idir fuaim agus siombail
Luas próiseála eolais	Neamhéifeachtúlacht le bainistiú sruthanna eolais, siombailí scríofa go háirithe, mar atá i gceist leis an chóipeáil	Bunús gach gníomhaíocht seomra ranga

Seomraí Ranga Bunscoile a Thacaíonn le Disléicse



Cá hait a dtig liom níos mó a fháil amach?

Tá cuid mhór suíomhanna ar an idirlíon. Seo thíos roinnt teagmhálacha atá, dar linn féin, úsáideach agus a chuideoidh leat teacht ar thuilleadh eolais agus acmhainní do do rang. Níl iontu seo ach roinnt bheag díobh. Cuir leis an liosta seo agus coinnigh ar aghaidh láimhe é mar thagairt ghasta. Is iad ár rogha phearsanta féin iad na leabhair thagartha a liostaítear agus tá go leor eile ann a dtiocfadh leo bheith lán eolais. Cuir ar eolas muid!

Acmhainní Ginearálta: Iarr comhairle agus acmhainní ón Mhúinteoir Tacaíochta Pheiripitéiteach i do scoil nó socraigh coinne ag an Ionad Léitheoireachta s'againn in Ionad Acmhainní Múinteoirí Ulidia: 02890491058

www.senteacher.org Leatháin oibre saor in aisce le hioslódáil agus focalchuardaigh, dislís agus cluichí a dhéanamh.

www.specialdirect.com Ábhair agus cluichí riachtanais ar leith le ceannach.

www.thedyslexiaishop.co.uk Díolann ábhair 'tacaíocht disléicse' a shainaithnítear go sonrach

www.primaryclassroomresources.co.uk Réimse ábhar le díol agus le hioslódáil saor in aisce

www.learningspace.co.uk Ábhair le ceannach ar líne nó gabh chuig an siopa iontach s'acu i mBéal Feirste: 11a Fountain Centre, College Sreet, Béal Feirste BT1 6ET

www.bbc.co.uk/schools/ks1bitesize/literacy Suíomh idirlín idirghníomhach le cluichí

www.barringtonstoke.co.uk Leabhair léitheoireachta agus comhairle ar leabhair a roghnú, treoir mhaith do thuismitheoirí ar léitheoireacht anseo fosta.

www.betterbooks.co.uk, www.senbooks.org Díolann siad beirt leabhair thagartha ar gach gné de riachtanais ar leith, acmhainní agus ábhair teagaisc.

Siombailí saor in aisce: Má tá tú ag déanamh do chuid ábhar féin, m.sh. amhláir amhairc srl.

www.enchantedlearning.com

www.pdictionary.com

www.usevisualstrategies.com

www.do2learn.com

Suíomhanna idirlín eile ar fiú amharc orthu:

www.woodland-junior.kent.sch

Gabh chuig an 'literacy zone' mar a bhfuil go leor cluichí litearthachta, focail agus litriú, poncaíocht, gramadach agus téacs scríbhneoireachta.

www.kirklandneuk.renfrewshire.sch.uk

Gabh chuig an 'Website Library' mar a bhfuil liosta de naisc mhaithe le suíomhanna úsáideacha idirlín.

www.everybodywrites.org.uk

Réimse smaointe scríbhneoireachta ó Pie Corbett.

www.superkids.com

Tuilleadh cluichí agus leatháin oibre inphriontála.

www.brainybetty.com

www.icanlearn.com

Cleachtais súl le próiseáil foghlama agus amhairc a fheabhsú.

*Féach fosta rannán na teicneolaíochta.

Eolas: Ar an Chlár Forbartha Cuimsiúcháin ar an disléicse gabh chuig

www.education.gov.uk.

Féach fosta:

www.dyslexiaaction.org.uk

www.bdadyslexia.org.uk

www.dyslexiascotland.org

www.dyslexia-inst.org.uk

www.dyslexic.com

www.nida.org.uk



Ábhair agus leabhair thagartha

The rose report: www.dcsf.gov.uk

DENI: Developing a dyslexia friendly learning Environment

Cap it all, A practical manual for assessing individual Needs: Fil Came and Gavin Reid ISBN 978-0-9531055-4-0 www.learningworks.org.uk

Improving working memory, supporting students learning: Tracy Packiam Alloway ISBN 978-1-84920-748-5 SAGE Publications

Removing dyslexia as a barrier to achievement: The Dyslexia Friendly Schools Toolkit: Neil Mackay ISBN 190384203-4

Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le foireann Seirbhís Tacaíochta SpIld Pheiripitéiteach Bhord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste (BELB) as a gcomhairle chúí agus as roinnt a gcuid saineolais. Buíochas lenár gcomhghleacaithe Eilís Boyd agus Sue Boyd as an leabhrán seo a chur i dtoll a chéile.

Tagairtí

- Alloway T.P (2011) *Improving Working Memory: Supporting Students Learning*. Sage
Bingham J. Chandler F. *The Usborne Illustrated Thesaurus*. Usborne
Came F & Reid G. *Concern Assess Provide it all: A practical manual for assessing individual needs*. Learning Works.
Bennett J. & Hailstone P. (2006) *The Dyslexia Pocketbook*. Teachers' Pocketbooks
Cogan J & Flecker M. *Dyslexia in Secondary Schools*. Whurr
Chandler C. Morton M. Smith S. (2009) *Early Signs of Dyslexia in the foundation Stage*. Featherstone.
Drew S. (2005) *Dyspraxia in the Foundation Stage*. Featherstone
Dfes Publications:
 Learning and teaching for dyslexic children May 2005
 Letter and sounds April 2007
 Inclusion and development programme: October 2008
 Identifying and Teaching Children and Young People with Dyslexia and Literacy Difficulties: The Rose Report June 2009
Gathercole S.E.& Alloway T.P. (2008) *Working Memory and learning*. Sage
Hartas D.(2006) *Dyslexia in the Early Years: A practical guide to teaching and learning*. Routledge
Hannell G. (2003) *Dyslexia: Action plans for successful learning*. David Fulton Publishing
Hill M. & Hill K. (1988) *Visual Perception Skills*. LDA
Hope D. (2001) *The complete phonic Handbook*. Prim-Ed Publishing.
Lettice L. (1995) *Animal outlines*. Easylearn
Mackay N. (2005) *Removing Dyslexia as a barrier to achievement*. SEN marketing
McGuinness D. (1997). *Why children can't read and what we can do about it*. Penguin.
Ott P. (1997) *How to manage and detect dyslexia*. Heinemann
Pavey B. (2007) *The Dyslexia Friendly Primary School*. Paul Chapman Publishing.
Rief S. Stern J. (2010) *The Dyslexia Checklist: A practical reference for parents and Teachers*. Jossey-Bass
Saunders K.& White A. (2002) *How dyslexics learn: Grasping the nettle*. Patoss
Snowling M. & Hulme C. (2005). *The Science of Reading*. Blackwell publishing.
Snowling M. Stackhouse J. ((2006) *Dyslexia Speech and language*. Whurr
Thompson M.E. & Watkins E.J. (1991) *Dyslexia: A teaching Handbook*. Whurr
Tregear-Liddicoat A. (1992) *Fun with Homonyms*. Tregear Publications
Tregear-Liddicoat A. (1992) *Mnemonics for irregularly spelt basic words*. Tregear Publications
Turner M. Bodien P. (2007) *Dyslexia Guidance: Helping children with specific learning difficulties in reading and writing*. nferNelson
Writers Directory (2004) *Smart Kids*

Cás Staidéar Ghaelscoile

Disleicse

Cad é a dhéanann muid?

4 sheachtain de nótaí a choinneál sa rang / ag breathnú ar an pháiste má mhothaíonn muid go bhfuil fadhb ann.

Cruinniú néamh-fhoirmiúlta leis an tuiste chun dearcadh s'acu a fháil / an páiste a phlé leo.

Teagmháil rialta a choinneál leis na tuistí: polasaí a leanúint.

Cruinniú leis an tuiste chun an pháiste a chur ar IEP / liosta RBO. Fillteán RSO a úsáid / seicliosta a úsáid / moltaí ón siceolaí a ghlacadh ar bhord / tuairim an tuiste a ghlacadh ar bhord.

Spríocanna réadúil a shocrú don pháiste atá ag fóirstean don pháiste.

Páiste a chur an eolas faoin IEP ar leibhéal s'acu féin – spríocanna.

Foireann atá ag obair leis an pháiste a chur ar an eolas faoin IEP / spríocanna.

Monatóireacht a dhéanamh ar an pháiste agus an dul chun cinn atá déanta.

I ndiaidh 2 IEP a dhéanamh agus nótaí a choinneáil téann muid i dteagmháil leis an siceolaí.

Straitéisí:

Treoracha soileir sa rang / sa scoil / sa bhialann srl. Gan barraíocht eolais a thabhairt don pháiste in aon am amháin.

Tá gach duine atá ar an fhoireann eolach ar riachtanais an pháiste seo.

Déanann muid iarracht deá-iompair a mholadh i gcónaí.

Coinníonn muid i dteagmháil lena thuistí.

Coinníonn muid nótaí rialta.

Clár "black sheep" a úsáid i Rang 1.

Linguistic phonics / fonaic na gaeilge a dhéanamh sa rang gach maidin le gach duine.

Lexia: clár ríomhaire a úsáid le gach rang ó Rang 4 – 7 3 uair sa seachtain.

Cruinniú le gach tuiste chun seo a mhíniú agus cód a thabhairt doibh go dtig leo seo a úsáid sa bhaile fosta.

Cóipleabhair a eagrú ó bhun na scoile sa dóigh agus go bhfuil a fhios ag na páistí cén dath atá ann do gach ábhar.

Peannaireacht ceangailte a dhéanamh ó Rang 3 ar aghaidh. Sassoon Primary Infant a úsáid i ngach rang nuair atá na múinteoirí ag obair ar na ríomhairí / ag cur rudaí in airde / ag déanamh leathanaigh oibre amach do na páistí.

Paipéar daite a úsáid nuair a dhéanann muid coipeanna do na páistí.

Baineann muid úsáid as straitéisí difriúla sa rang ag bráth ar an pháiste atá i gceist agus na dóigheanna is fearr dóibh le bheith ag foghlaim.

Cén dóigh an aithníonn muid na páistí?

Éistean muid le gach duine a mbíonn ag obair leis an pháiste.

Éistean muid le tuairimí na dtuistí.

Déanann muid monatóireacht rialta ar gach páiste sa scoil.

Bíonn cruinnithe rialta againn leis na tuistí.

Déanann muid scrudaithe rialta ar an litriú agus déanann muid measúnú néamhfhoirmiúlta gach maidin nuair atá na ranganna ag obair ar fhonaic na gaeilge / linguistic phonics.

Baineann muid úsáid as "craic le litriú" agus "my spelling workbook" gach oíche sa bhaile.

Cén dóigh an bhfuil a fhios againn go bhfuil na straitéisí ag obair?

Déanann muid monatóireacht ar na spriocanna go rialta.

Buaileann muid leis an pháiste agus leis na tuistí.

Coinníonn muid dialann idir an scoil agus an baile chun muid a choinneál ar an eolas faoi gach rud atá ag tarlú i saol an pháiste.


Éistean muid le tuairimí an pháiste, tuairimí na dtuistí, tuairimí an mhúinteora.

Éiríonn leis an pháiste na spriocanna atá ar an IEP a bhaint amach.

Seirbhís Tacaíochta SpLD Pheiripititéach BELB

Straitéisí, athruithe agus coigeartuithe le tacú le forbairt seomraí ranga a thacaíonn le disléicse

Seomraí Ranga Iar-Bhunscoile a Thacaíonn le Disléicse



Ní liosta deifnídeach iad na moltaí seo agus ba chóir cur leo de réir mar a fhorbraítear straitéisí agus coigeartuithe breise le freastal ar riachtanais daltaí i do sheomra ranga a bhfuil disléicse orthu. Eanáir 2011.

Seomraí Ranga Iar-Bhunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Féinmheas

- Is maith ceisteanna a chur, moladh as a dhéanamh, cuidiú a thairiscint, comhbhá a léiriú
- spriocanna réadúla insroichte a shocrú le daltaí
- muinín a chothú trí bhuanna agus réimsí suime a fhorbairt
- duais a thabhairt as iarracht chomh maith le rath
- gnáth-threoracha soiléire, ag úsáid comharthaíocht dhearfach choirp agus teanga dhearfach bhéil
- am le héisteacht, smaoinemh agus freagairt
- scileanna éifeachtúla eagrúcháin a fhorbairt

Is maith ceisteanna a chur. Cuireann cuid mhór daltaí ceisteanna lena gcuid foghlama a dhearbhu agus le cuidiú leo próiseáil. Más dóigh leat go bhfuil ceist mífheiliúnach á cur, tabhair buíochas don dalta as a cur agus abair nár mhíneigh tú an topaic go soiléir. Ná habair, 'Nach raibh tú ag éisteacht?'

Muinín a chothú. Déantar seo tríd an dalta disléicseach a chur ina s(h)uí áit a dtig leat cuidiú a thabhairt go réidh nó a cheadú dóibh suí in aice le píar 'tacúil'. Athdhaingniú a gcuid buanna m.sh. 'Chonaic mé an cúl iontach sin a scóráil tú seachtain ó shin!' Smaoinigh ar dhaltaí a ghrúpáil de réir a réimsí suime nó a dtuisceana ar thopaic seachas a gcumas litearthachta. Is gá a gcuid buanna labhartha agus tuisceana a aithint.

Teanga dhearfach a úsáid cora cainte, searbhachas agus débhrí a sheachaint.

- Tabhair treoirilinte sainiúla agus leideanna feabhsúcháin
- Cuir cáineadh dearfach idir dhá fhocal mholta
- Déan trácht ar an obair, seachas ar an duine (seachain rómharcaíl)

Eagrú a gcuid nótaí:

- Úsáid dathanna áirithe páipéir, fillteáin, roinnteoiri, leabhar nótaí d'ábhair/topaicí difriúla
- Úsáid páipéar A4 leathanlineach
- Fág imill leathana
- Fág bearnaí agus spásáil
- Úsáid pinn agus pinn dhaite aibhsithe
- Úsáid ceanteidil agus fo-cheanteidil
- Cuir foliniú chun cinn
- Pointí le hurchair, le litreacha nó le huimhreacha
- Ná scríobh ach ar thaobh amháin den leathanach
- Is féidir nótaí scaoilte a eagrú ina

Príomhphointe - Pointí taca - Achoimre



Cuidigh le do dhaltaí trí do chuid acmhainní a chodú de réir datha agus a lipéadú.

Coimhead! TIMTHRIALL NA TEIPE

Foinse:
The dyslexia
pocketbook



Eagraíocht thart ar an scoil:

Leabhrán aistrithe roimh theacht isteach chun na scoile. Cuairteanna ar an scoil roimh theacht isteach. Amchlár daite, ag úsáid dathanna difriúla do gach ábhar. Léarscáil na scoile i ndialanna. Amchlár agus aghaidh cloig orthu le ham thús an cheachta a léiriú.



Bíonn am próiseála de dhíth ar dhaltaí ar a bhfuil disléicse.

Seo 15 rud a thig le múinteoirí a dhéanamh le féimheas daltaí aonair a ardú

1. Abair "maidin mhaith" gach lá agus bíodh aoibh gáire ort.
2. Tabhair faoi deara agus ainmnigh an dalta
3. Éist go maith, ionas go dtig leat ceisteanna a chur
4. Cruthaigh am a chuaigh thart le cuimhneamh siar air
5. Déan gáire agus craic agus cuideachta
6. Cuimhnigh ar bhreithlaethanta agus ar imeachtaí (ní an scoil ar fad)
7. Moladh i bhfoirm scríofa agus tú ag marcáil
8. Meas ar theaghlach, cultúr, stair
9. Chonaic mé seo agus smaoinigh mé ortsa
10. Roinn eolas ar fhoirme peile, ceol, mílseáin
11.idirghníomhú sa chlós
12. Cuir chun cinn trí scéalta maithe a inisint
13. Aithin rud éigin a bhfuil siad go maith ina cheann
14. Cuir leis an X-ghné (cuardaigh i i ngach páiste)
15. Aithin do chuid daltaí taobh amháin de do rang féin (Foinse: Tim Brighouse)

Agus tú ag marcáil, bain triail as;


- Rath
- Leid
- Smaoinigh



Tacóidh scileanna feabhsaithe eagrúcháin le féimheas.

Tabhair seicliostaí pearsanta trealaimh.

Léarscáil na scoile



Déan monatóiracht ar cheartúsáid na dialainne obair baile agus bíodh tuismitheoirí san áireamh.

An dtáirgeann an scoil a dialann scoile féin?

- Ainm gach ball foirne
- Rialacha na Scoile
- Leagan amach na Scoile
- Uimhreacha gutháin srl na Scoile

Amchlár daite – ábhar-chódaithe

	Luan	Máirt	Céadaoin	Déardaoin	Aoine
9:00	Béarla	Mata	Poiblíocht	MFL	Mata
10:00		S	O	S	
10:30	Mata	Coilín	Béarla	TF	Coilín
11:30	CO	Béarla	OR	Déardaoin	TF
12:30		L	O	N	
1:30	MFL	Poiblíocht	Cluichi	MFL	OR
2:30	Ceol	Poiblíocht	Cluichi	OPSS	Béarla
3:30	Abhaile	Abhaile	Abhaile	Abhaile	Abhaile

Seomraí Ranga Iar-Bhunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Stíleanna Teagaisc

- úsáid éifeachtúil TFC agus áiseanna amhairc
- cuspóir foghlamtha roinnte
- glacadh le réimse freagraí, idir labhartha, scríofa agus phraiticiúil
- idirdhealú
- stíleanna agus roghanna foghlama
- teagasc scileanna
- seach-straitéisí a chur chun cinn
- treoracha soiléire a thabhairt, ainm an dalta in úsáid
- formáid agus ionchais obair bhaile a choigeartú

Is féidir áiseanna amhairc a úsáid le cur le heolas ar dhóigh thréan amhairc. D'fhéadfadh gothaí nádúrtha gnúise, úsáid pictiúr, físeán nó DVD a bheith i gceist chomh maith le pictiúir breactha ar smeach-chairt, úsáid chláir bháin idirghníomhaigh, naisc idirlín, úsáid réad fíor, úsáid do mheabhairmhapa féin, sreabhchairt agus amlinte ar an chlár.

Roinn do chuid cuspóirí foghlama agus tascanna. Ag iarraidh rud éigin a fhoghlaim gan an pictiúr mór, is ionann sin agus míreanna mearaí a dhéanamh gan an pictiúr ar an bhosca.

Teagasc scileanna: is féidir cuidiú le daltaí a gcuid tascanna a eagrú má theagasctar iad le:

- Leathanach a shracléamh
- Sórtáil le haghaidh eolais
- Tosaíochtaí a shocrú
- Breith mheasta a dhéanamh.

Idirdhealú:

Ionchur: Dréimire taisc deacrachta 'Caithfidh, Ba chóir, Thiocfadh'. Roghanna tascanna.

Tacaíocht: Cá mhéad atá le tabhairt? Agus cé atá in ann i a thabhairt? Roghanna foghlama

Torthaí: An doigh lena chur i láthair. Marcáil, cad é atá le marcáil? An méid atá le cur i láthair.

Roghanna Céadfacha

Amharc	Éisteacht	Tadhall	Cinéistéiseach
			
Téacs a léamh	Monalóg a chluinstin	Tadhall	Luaíl fhisiceach agus gluaiseacht sheachtrach
Léaráidí, pictiúir agus lomhánna a fheiceáil	Éisteacht le plé agus bheith páirteach ann	Láimhseáil	Luaíl inmheánach .i. mothúchán, dea-mhothú faoi mhúinteoir nó faoi ábhar
Radharc inmheánach .i. samhlaíocht	Féinchant agus dialóg inmheánach	Ionramháil	

Ceadaigh úsáid seach-straitéisí:


ríomhairí glúine, deactafóin, closleabhair, litreoirí, leagan achoimrithé d'úrscéalta, bogearraí téacs-go-caint.

D'fhéadfai gur ghá úsáid shinte ábhar coincreiteach in ábhair ar nós mata, ceadaigh cuntas ar an méara.

Tabhair treoracha soiléire:

1. Má bhíonn cuid mhór eolais nó treoracha le tabhairt agat, bris anuas ina 'giotaí beaga' iad, ag glacadh sosa idir gach giota óir is deacair giotaí móra fada a phróiseáil.
2. Abair rudaí san ord ar mhaith leat iad a bheith déanta.
3. Gearr anuas ar an mhéid a deir tú. Léiríonn torthaí taighde gur daoine fásta a bhíonn ag caint 90% den am i rang. Is ridheacair ag duine óg ar a bhfuil disléicse é seo a láimhseáil.
4. Má labhraíonn tú níos fadálaí, tabharfaidh daltaí freagraí níos faide agus beidh faille acu níos mó a rá.
5. Seachain abairtí casta ar nós, 'cuir an ceann a shíl tú a bhí ann in aice leis an cheann is mó ná é'.
6. Cuir an comhrá chun cinn: Déan trácht ar an rud atá siad a dhéanamh, glac sos agus in áit ceist a chur, cuir an comhrá chun cinn, 'Chím gur roghnaigh tú an leabhar sin. An bhfuil eolas agat ar an údar?'
7. Glac sos i ndiaidh ceist a chur – in áit spás folamh a bheith agat, tiontaigh agus scríobh rud éigin ar an chlár nó abair, 'beidh mé ar ais chugat ar ball le freagra a fháil'.

Scileanna seachas ábhar (cion) a theagasc, cad é atá de dhíth orthu?



Straitéisí éifeachtúla ranga d'ábhar ar bith:

Réimse gníomhaíochtaí le linn ceachta agus socraigh am faoi choinne sosa le tuirse a mhaolú.

Tabhair treoir amháin ag am amháin agus iad a athrá go minic.

Iarr ar dhaltai na treoracha a athrá leat – ní hé amháin go gcinntítear go dtuigeann siad ach is fearr a chuimhníonn siad má chluineann siad iad féin ag caint.

Tabhair 'am machnaimh' dóibh i gcónaí le cur ar chumas daltaí ar a bhfuil disléicse an t-ionchur a phróiseáil agus freagra cuí a chur le chéile.

Cuir roghanna eile seachas an scríobh chun cinn, go háirithe úsáid TFC.

Déan iarracht focalstór an ábhair a theagasc roimh an cheacht trí fhorbhreathnuithe d'fhocalstór na topaice a thabhairt.

Nuair a bhíonn plé ranga ar siúl, athdhaingnigh na freagraí a thugann daltaí trína n-athrá leo sa rang le go mbeidh am ag daltaí ar a bhfuil disléicse an t-eolas a phróiseáil.

Seomraí Ranga Iar-Bhunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Léitheoireacht

- am breise le tascanna a chomhlánú
- ceart pasála
- inléiteacht téacsanna a sheiceáil (80%)
- leaganacha achoimrithe, DVD
- sain-fhocalstór a bhaineann go sonrach le hábhair a chleachtadh
- comrádaithe léitheoireachta/piartheagasc
- fótachóipeanna le haibhsiú a chur ar fáil
- clónna, boscaí agus mionsonraí daite ar pháipéar pastail a úsáid a thacaíonn le disléicse

Ceadaigh am breise óir tá a oiread dua á caitheamh ag cuid mhór daltaí ar a bhfuil disléicse leis an scríobh a dhíchódú nach bhfuil siad ábalta an méid atá léite acu a thuiscint. Léigh leo nó éisteadh siad le leabhair chainte/éisteachta.

Ná glac leis go bhfuil a fhios ag daltaí cén stíl léitheoireachta ata dé dhíth le cur le tascanna éagsúla:

- ceisteanna scrúduithe
- léamh le fíricí a bhaint as
- eolas sonrach ar leith
- forbhreathnú ginearálta
- pléisiúr

Nuair a bhíonn nótaí á ndéanamh ó théacsleabhar, spreag na daltaí leis na nithe seo a leanas a dhéanamh ar dtús:

- Forbhreathnú a fháil ar an chaibidil tríd an chéad pharagraf agus an paragraf deiridh a léamh agus trí cheanntéidil, fo-cheanntéidil, léarscáileanna, cairteacha agus léaráidí a thabhairt faoi deara.
- Smaoineamh go cúramach faoi na croifhocail, trína scríobh síos.
- Cuimhneamh ar an leabhar, caibidil agus leathanach le tagairt dóibh níos moille.

Tabhair isteach agus cleacht focalstór a bhaineann go sainiúil leis an ábhar agus nuair is féidir, tabhair ciúnna grafacha. Cuir póstaer ar bhallaí an tseomra mar shíorchur i gcuimhne ar fhocalstór, comharthaí agus foirmlí matamaitice.

Tabhair cead pasála dóibh nuair a bhítear ag léamh os ard sa rang.

Tabhair fótachóip de do nótaí agus biodh siad soléite trí:

- Iad a dhéanamh soiléir, simplí, agus dea-leagan amach orthu.
- Follnú a sheachaint nó d'fhéadfadh scríbhneoireacht dhoiléir a bheith mar thoradh air, úsáid cló trom nó dathanna.
- Croifhocail a aibhsiú le cló trom
- Méid cló 12 nó 14 ar a laghad a úsáid agus spásáil 1.5
- Croifhictiúir a úsáid le sos a thabhairt do na súile.
- Pictiúir nó siombailí a chur isteach le cuidiú leis an fhoghlaimoír naisc agus ceangail a dhéanamh leis an téacs agus lena gcuid eispéreas féin.
- Croifhocail a chur i mboscaí achoimre le cur ar chumas an léitheora smaoineamh a fháil ar an pointe boise.
- Barraíocht athruithe clónna a sheachaint. Clónna a roghnú a thaitníonn le páistí ar a bhfuil disléicse agus Times New Roman a sheachaint .i. Arial Comic Sans Trebuchet Verdana Tahoma SassoonCRInfant
- Más féidir, dath neamhlonrach nó páipéar nach bhfuil róchaol a úsáid.
- Téacs a choinneáil éagothrom agus gan bheith comfhadaithe, fágann sé sin gur fusa rianú (tracking) ó líne go chéile.

Bíonn am próiseála de dhíth ar dhaltai ar a bhfuil disléicse.




Le deacrachtaí amhairc a íoslaghdú

Aibhsigh croífhocail in ábhar réamh-ullmhaithe

Calibre Audio Library
listening-books.org
brousealoud.com

Coinnigh an suiochán amach as solas díreach na gréine agus ar shiúl ó sholas fluaraiseach nó coigeartaigh an solas sa seomra ranga.

Déan téacs gairid a scanadh ar ríomhaire le feidhm a bhaint as téacs-chaint Aire!
Ceisteanna cóipchirt



An múinteoir nó léitheoir comhpháirteach amháin ar chóir dó/dí croí-eolas ábhair a léamh amach.

Bain úsáid as páipéar agus as cúlra daítear chur i láthair

Soláthair rogha trédhearcán

* Ionas nach gcaillfidh daltaí a n-áit sa téacs, tosaigh gach abairt le spotaí de dhathanna difriúla.
* Le rianú (tracking) a éascú.

Úsáid gníomhaíochtaí spraoi le sain-fhocalstór ábhair a fhoghlaim:
Focalchuardaigh, giotaí siollaí, 'countdown' ranga, tomhais.

Le léitheoireacht a thuiscint agus tacú léi

In ábhair phraicticiúla, déan péire le dalta dílseicseach agus léitheoir cumasach ar mhaithe le piarthacaíocht agus sábháilteacht.

Cruthaigh matai (brait) cuidithe le tacú le d'ábhar, coinnigh ar mhéaróg chuimhne iad agus taispeáin iad ar chlár bán idirghníomhach i seomra ar bith.

In ábhair phraicticiúla:
Lipéadaigh gach cófra trealamh le pictiúir agus le focail.
Déan iarracht gan rudai a bhogadh thart.

Cuir léaráidí ar fáil le cuidiú leo cuimhneamh ar fhocalstór agus ar théarmaíocht eolaíochta.
Taispeáin agus ainmnigh trealamh i gcónaí nuair a dtabhairt nó coincheapa úra á miníú.



Seomraí Ranga Iar-Bhunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Scribhneoireacht

- am breise a cheadú/obair scríobhaí
- úsáid meabhairmhapaí a chur chun cinn
- cóipeáil a ioslaghú agus deachtú fada a sheachaint, léamh profaí a chur chun cinn
- ardchaighdeán seachas ardhainníocht a iarraidh
- balla focal a sholáthar agus litriú loighciúil a chur chun cinn (ná déan rócheartú)
- aibhsigh/fólinigh agus mínigh litriú deacair
- aisti a struchtúrú agus a sheicheamhú
- profléamh, eagarthóireacht agus athdhréachtú a theagasc

Tabhair roghanna eile seachas an scríobh:

- Pointí le hurchair
- Léaráidí
- Múnlaí
- 'Labhairt faoi' nó caint a thaifeadadh
- Drámaíocht

Cuidiú leis an pheannaireacht:

- Suíocháin/soilse cearta
- Ríomhairí glúine
- Uirlisí scríbhneoireachta
- Páipéar neamhlonrach/daite/ardchaighdeán
- Scríobh ar thaobh amháin

Aire!

Is iomaí dalta ar a bhfuil disléicse a bhfuil diosgraife orthu fosta agus bíonn ríomhaire glúine de dhíth orthu.

Teagasc scileanna léite profaí:

CAPALL – Ceannlitir, Ar Iár, Poncaíocht, Agus Litriú Leat

POWER – Plan, Organise, Write, Edit, Redraft



Ríomhchlár a mholtar go hard: Read&Write GOLD

Tasc an-dúshlánach eolas clóite a chur ina gcuid focal féin. Dá mhéad scafalra a bhíonn ag do chuid daltaí, is amhlaidh is fearr a fhreagróidh siad do thasc scríbhneoireachta:

- Spreag iad le léitheoireacht nó ullmhúchán cúlra a chomhlánú roimh an cheacht trína dtreorú chuig leathanaigh idirlín, DVD, leaganacha achoimrithe, leabhair thagartha agus leabhair chainte.
- Tabhair réimse croífhocal, tús abairtí agus frásaí (a mholann na daltaí féin) dóibh a dtig leo tagairt dóibh le linn an tasc scríbhneoireachta.
- Tabhair formáid scafalra le cuidiú leo seicheamh imeachtaí a phleanáil trí úsáid meabhairmhapaí, amlinte agus conairí agus frámaí scríbhneoireachta.

Tacaigh le glacadh nótaí trí

- Úsáid giorrúchán a cheadú.
- Am a thabhairt le léaráidí a tharraingt.
- Sainmhíniú a scríobh go han-soiléir.
- Cead a thabhairt do chara nótaí a roinnt.
- Úsáid deachtafóin phearsanta a chur chun cinn.
- Croífhocail a liostú ag tosach leabhair nótaí nó comhaid a bhaineann go sonrach leis an ábhar.
- Suíomh 'tirdhreach' agus pinn dhaite a úsáid le meabhairmhapaí.



Bímis ag éileamh:

- ceannlitreacha agus lánstadanna
- ceisteanna uimhrithe
- tosú ag na himill
- paragraif
- litriú loighciúil



TIP TOPP for paragraphs

Time
Ideas
Person
Theme
Or
Place
Picture

Bíonn am próiseála de dhíth ar dhaltá ar a bhfuil disléicse.

Smaointe praiticiúla le tacú le scríbhneoireacht

Tabhair samplaí de chineálacha difriúla scríbhneoireachta

Má táthar ag gabháil do cloze, bíodh na focail ar fáil i gcónaí:

Fill in the missing words
My Twin Brian

I have a _____ from. His name is Brian. When he was a small _____ he got into a lot of trouble. Being identical means I get blamed for things that he did because no one could tell us apart.

Once, he _____ it was about one year later. He made me _____ that's not even the driveway and not onto the main road. It is a _____ to drive on the roads where you are only _____.

He moved a girl _____ called Cindy. Our dog he brought Cindy into school. Cindy decided to litter and _____ out of his cage. He then tried to _____ and hit her every child in the school. I was very _____ when Cindy had never ever told a _____ I got into trouble because with Miss Valentine our teacher I got the blame for being _____ to animals.

The final year came when mom was cooking a spicy curry. He decided to add some _____ Then he added one or two drops _____ that she he thought it would be. He explained to mom that he wanted to give her a bit of a _____ She nearly _____ with shock. That night there was a terrible fight. I went into hiding.

Eventually Dad had to _____ mean to be too long. He promised he would be kind and recognized that in order to survive he had to be in _____ What a terrible child he was. The answer _____ he is still my best friend!

identical child into decided chose come saw
to shy has stole yephen spiders untold
mind wild into shut surprise miss

Get more free worksheets at www.twinkl.com © 2015. TWinkl. All rights reserved.

Tabhair cóipeanna bána de léaráidí lena gcomhlánú, ag léiriú cá háit a bhfuil freagraí le cur.

blaois	fíola	huiméaras	fémear	geitheas	deirchín
eamacha	steirneán	ulna	tibia	drámach	ga

Ice hockey

Meabhairmhapaíl agus úsáid TFC le piosa scríbhneoireachta a tháirgeadh

Riomhaire glúine agus Alpha Smart

Ná glac leis gur i ranganna Béarla agus Gaeilge amháin a bhíonn frámaí scríbhneoireachta in úsáid.

Scríbhneoireacht pleanáil

Tabhair treoirínte aiste agus ceanteidil paragraf le tacú le struchtúr scríbhneoireachta sínte.

Pinn agus pinn luaidhe

Rialóiri

Highlighter Tape

Pirimid scríbhneoireachta a dhéanamh:

- Focalstór
- Nascfhocail
- Oscailtí
- Poncaíocht

Ceadaigh úsáid litreoirí agus foclóirí leictreonacha cainte

Croifhocail agus teasáras:

Seomraí Ranga Iar-Bhunscoile a Thacaíonn le Disléicse

Scileanna Staidéir

- scileanna staidéir a bhaineann go sonrach le hábhair
- teicnící scrúdúithe
- ceisteanna ar a bhfuil freagraí eiseamláireacha a sholáthar
- áiseanna agus teicnící cuimhne a úsáid
- foghlaim de ghlanmheabhair a sheachaint
- cleachtadh, foghlaim ina ghíotaí agus treoracha soiléire a chur chun cinn
- eolas a bhaint as téacs agus pointí le hurchair
- straitéisí athbhreithnithe a chuireann le stíleanna foghlama

Scileanna athbhreithnithe sainábhair a theagasc

Maidir le scríobh aistí:

- an cheist a léirthuisicint
- an aiste a phleanáil
- smaointe a struchtúru
- scríobh i nGaeilge agus i mBéarla soiléir foirmiúil
- Maidir le hathbhreithniú, freagraí doimhne ó bhéal a fhorbairt. Cuir i bhfoirm labhartha le smaointe a shoiléiriú.
- Iad a chur ar an eolas maidir le cá háit a bhfuil teacht ar eolas breise.
- Néamónaic a úsáid le cuimhneamh ar liostaí agus ar fhoirmli.
- Teicnící amhairc a úsáid le hathchuimhneamh a neartú

Teicnící scrúdúithe a theagasc trí dhóigh ilchéadfach a thairiscint le feidhm a bhaint as straitéisí as gach bosca leis an inchinn a úsáid agus an cumas foghlama a uasmheadú.

Foghlaimoir Amhairc na hinchinne clé <ul style="list-style-type: none"> • nótaí a athscríobh, ag úsáid frásaí topaice agus pointí le hurchair • ceannteidil a fholíniú le dathanna • croifhocail a aibhsiú • néamónaic agus acraستاic a úsáid 	Foghlaimoir Amhairc na hinchinne deise <ul style="list-style-type: none"> • 'poistíní' le ciúnna amhairc a thabhairt • meabhairmhapaí a dhéanamh de nótaí • stiallacha cartúin a dhéanamh de nótaí • dath a úsáid mar aibhsiú • sreabhchairteacha a dhéanamh de nótaí
Clos-fhoghlaimoir <ul style="list-style-type: none"> • nótaí a leamh os ard • nótaí, tagairtí, ceisteanna agus freagraí a thaifeadadh ar théip • topaic a mhíniú do dhuine éigin eile • éisteacht le leabhair agus drámaí ar théip 	Foghlaimoir cinéistéiseach/tadhail <ul style="list-style-type: none"> • scríobh agus tarraingt • turgnaimh a chleachtadh • trealamh a láimhseáil • suíomhanna a léiriú • Siúl thart agus eolas á aithris

Croifhocail i gceisteanna scrúdaithe a léirmhíniú agus a theagasc go follasach m.sh.

Cruthú	Léiriú	Saináithint
Comparáid	Luacháil	Athbhreithniú
Achoimriú	Cur síos	Leathnú
Trácht	Sainmhíniú	Dearbhú
Imlíniú	Codarsnacht	Míniú

Tacú le hobair chúrsa trí:

- An tasc a shainmhíniú
- Cáilocht seachas cainníocht a chur chun cinn
- Féilirí planála a úsáid le haghaidh bainistíocht ama, le dul siar ón dáta déiridh.



An dóigh le plé le strus agus imní scrúdúithe:

Gnáthrud an strus!

- Cad é a dhéanann tú nuair nach dtig leat cuimhneamh ar aon rud?
Tosaigh trí smaoinigh siar ar an seomra ina ndearna tú an dul siar.
- Cad é a dhéanann tú má fhaigheann tú amach leath bealaigh tríd an fhreagra go bhfuil an cheist chontráilte déanta agat?
Scríobh an freagra breise síos le pointí le hurchair.

Cuir an féinmheasúnú chun cinn: Cén dóigh is fearr dom dul siar, cad é a oibríonn agus nach n-oibríonn domsa?

Níor chóir RIAMH gur cóipeáil gan tacaíocht an t-aon fhoinse eolais amháin

- Cuir nótaí priontáilte nó leictreonacha ar fáil roimh ré.
- Ceadaiigh fótachóipeanna de nótaí daoine eile.
- Nuair a bhítear ag deachtú, litrigh os ard focail theicniúla nó dheacra agus scríobh ar an chlár iad fosta (d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag roinnt acu le cóipeáil amháin)
- Soláthair achoimrí ar chaibidlí leabhar

Cruthaigh taispeántais balla daite le grianghraif le 'déan' agus 'ná déan' a léiriú maidir leis an:

- Saotharlann eolaíochta
- Halla C.O.
- Seomra Eacnamaíocht Bhaile
- Halla lóin

Cuimhne agus Cruth/siombail/iomrall treo

Léigh ceisteanna os ard ina ngiotaí le cuidiú le ciall agus le cuimhne ghearrthéarmach.	Ná glac leis go gcuimhneofar ar ghiorrúcháin i gcónaí.	Ceadaiigh úsáid áireamhán/cearnóga uimhreach in obair uimhreach.
Ná bí buartha faoi threalamh dearmadta, biodh rudai breise leat.		Ceadaiigh cárta dar cruth L leis na chearnóg 100 a léamh.

Iomrall clé/deas

Seo mo lámh chlé.
Amharc an L.



Lámh dheas
Seodra deas




Ní oibreoidh sé seo má bhíonn fáinne agat ar chuid mhór de na méara....is beag dalta atá pósta agus tá cosc ar fhaoinní i roinnt scoileanna. An mbíonn fáinín ar bhuaichillí ar scoil?

Iomrall b/d


- Hubba Bubba
- tá 'b' go deas do na deasóga
- nil 'd' ciotach ag ciotóg
- 

b á d


Cuir cairteacha siombailí ar taispeánt sa seomra ranga nó priontáil iad lena gcur i leabhair nótaí



Cártaí pearsanta tagartha i dtiachóg



Úsáid teimpléid agus stionsail le béim a chur ar thréithe crutha




Déan lipéid chruthanna 3T agus taispeáin



senteacher.com

Cuir néamónaice ar taispeánt



Cuir saighde treo ar aiseanna graf

Teagasc sreabláráidí le cuidiú le daltaí treo agus treoracha a leanúint

Úsáid straitéisí amhaire amháil aghaidh cloig le tacú le húsáid cloig analógacha agus 'eispéireas' chaitheamh an ama a bheith acu trí chlog 'comhaireamh síos' a úsáid.



Teagasc foirmele, ag úsáid néamónaice, déilíní agus rimeanna greannmhara, m.sh. Titeann Orla Den Iarann. T.O.D.I.

TÁSCAIRÍ DISLÉICSE IN IAR-BHUNSCOILEANA

I dtaca le disléicse de, tá níos níos mó ná fadhbanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta i gceist. D'fhéadfai gurbh easnamh aireachtála, éisteachta, bunaithe ar chuimhne nó próiseála a bheadh i gceist. Niltear ag dúil go mbeadh múinteoirí ábhar in ann na deacrachtaí seo a dhiagnóisiú, ach tá roinnt táscairí liostaithe thíos. Má fheictear cuid mhór acu seo i do sheomra ranga go minic, cuir tic leis na boscaí cuí agus líon isteach mionsonraí an dalta atá i gceist agus cuir ar aghaidh é chuig an chomheagraí Riachtanais Ar Leith/Breise le comhairle agus tacaíocht a fháil.

Ainm an dalta: _____ Rang: _____ Dáta: _____

- Ní léiríonn cáilíocht na hoibre cumas a bhfuil a fhios ag an mhúinteoir a bheith aige/aici san ábhar.
- Go maith ó bhéal ach ní dhéantar ach an-bheagán oibre scríofa – go leor tascanna nach ndéantar.
- Gnóthú a mbítear meallta leis i dtrialacha amaithe agus i measúnuithe eile.
- Droch-chur i láthair oibre – m.sh. doléiteacht, litreacha cás uachtair agus íochtair measctha, drochspásáil, earráidí cóipeála, colúin mí-ailínithe (sa mhata go háirithe).
- Drochscileanna eagrúcháin – gan bheith ábalta iad féin nó a gcuid oibre a eagrú go héifeachtach; tugann leabhair chontráilte nó gach leabhar ar scoil agus is minic dearmad déanta ar obair a thabhairt isteach.
- Drochsheicheamh oibre: cuma air/uirthi go léimtear ó théama go chéile gan aon chúis.
- Gan bheith ábalta foghlaim de ghlanmheabhair (dánta, dátaí, nua-theangacha) fiú i ndiaidh cleachtadh leantach.
- Trína chéile i dtaca le cruth agus siombailí de, sa mhata go háirithe.
- Deacrachtaí uimhreacha a choinneáil sa chuimhne ghearrthéarmach nuair a bhítear ag gabháil d'áirimh.
- Ag éileamh as tinneas cinn nuair a bhítear ag léamh; cló doiléir, téacs rólonrach nó ag bogadh ar an leathanach.
- Gan bheith ábalta oibríochtaí a dhéanamh lá amháin ach go ndearnadh mar is cóir iad cheana.
- Gan bheith ábalta níos mó ná treoir amháin a ghlacadh ar bord agus a chur i gcrích ag aon am amháin.
- Drochaireachtáil doimhneachta – m.sh. ciotach, droch-chomhord, bualadh in éadan rudaí, deacrachtaí fad a mheas, amhail an spás idir dhá chathaoir, liathróid a cheapadh.
- Féiniomhá go hiseal, easpa muiníne, eagla roimh imeachtaí úra, d'fhéadfadh obair a scríosadh gan fáth.
- Éiríonn tuirseach go gasta agus beagán oibre déanta as an dua a chuirtear orthu ag gabháil di.
- Furasta aird a bhaint dá c(h)uid oibre – hipirghníomhach nó ag aislingeacht

Eile – tabhair mionsonraí

Múinteoir: _____ Ábhar: _____

(Foinse: Dyslexia Scotland)

Teicneolaíocht Chúnta

Is táirge nó seirbhís í an teicneolaíocht chúnta a dheantar le neamhspleáchas a chur ar chumas daltaí. Tá méadú ag teacht ar an úsáid atáthar a bhaint as le tacú le foghlaim daltaí ar a bhfuil disléicse. Ní dhearnadh go fóill ach beagán taighde, ach de réir torthaí an mhéid a rinneadh, tagann feabhas suntasach ar scileanna scríbhneoireachta agus litrithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí próiseála ina bhfuil gnéithe méadaithe tacaíochta.

Bogearraí

- clóscríobh
- tuar focail
- aithint focail
- léamh scáileáin, 'jaws'
- aithint gutha; dragon, microsoft vista
- cúlraí agus clónna



Eile

- easy speak
- Daisy books ag www.daisy.org (digital accessible information system)



Is den riachtanas an oiliúint chuí don dalta agus don mhúinteoir.

Gléas iniompartha

- Gutháin phóca: teachtaireachtaí a thairfeadh, féilire, clog, meamraim, cur i gcuimhne. Appanna iPhone.
- CapturaTalkv3; glacann grianghraf de théacs agus ansin léann é.
- Ríomhairí (glúine)
- Live scribe Pulse Smartpen
- Litreoirí/foclóirí cainte/teasáras
- Deachtafóin
- Clos-leabhair/CDanna/CDRomanna
- Áireamháin chainte



Is den riachtanas go dteagascar úsáid chuí, shábháilte ríomhairí agus teicneolaíochta do gach dalta.

textHELP READ&WRITE Gold: Is bogearra cúnta é seo a dearadh le cuidiú le deacrachtaí litearthachta. Cuireann sé neamhspleáchas agus cuimsiú chun cinn sa seomra ranga agus sa bhaile. Áirítear ar na gnéithe léitheoireachta agus scríbhneoireachta:

- Téacs go caint
- Athraíonn téacs go fuaim ar bhonn soghluaiste
- scanadh agus léamh, doiciméid PDF san áireamh
- litreoir, fuaim atá cosúil le, foclóir, tuar focal feabhsaithe
- meabhairmhapáil
- imriú scáileáin
- fillteáin firicí le haghaidh stórála

WWW.texthelp.com



"There's no delete key. You have to use the board eraser."

Focal rabhaidh:

D'fhéadfadh teorainn a bheith le húsáid gutháin phóca de réir pholasaí na scoile. Éiríonn deacrachtaí praiticiúla aníos sa seomra ranga, m.sh. soicéid leictreachais. Ní gach dalta ná múinteoir a bhainfeadh sult as an teicneolaíocht agus, mar sin de, is gá an oiliúint chuí do bhaill foirne agus do dhaltaí araon. Déan iarracht a chinntiú go bhfoireann an teicneolaíocht don aoisghrúpa. Cuir eolas ar na ceisteanna cóipchirt a bhaineann le ebooks.

Níl sna moltaí seo ach sampla dá bhfuil ar fáil; ní liosta deifnídeach iad. Iarr comhairle i gcónaí roimh theicneolaíocht chúnta a cheannach.

Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le foireann Seirbhís Tacáíochta Spld Pheiripitéiteach Bhord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste (BELB) as a gcomhairle chúí agus as roinnt a gcuid saineolais. Buíochas lenár gcomhghleacaithe Eilís Boyd agus Sue Boyd as an leabhrán seo a chur i dtoll a chéile.

Tagairtí

- Alloway T.P (2011) *Improving Working Memory: Supporting Students Learning*. Sage
- Bingham J. Chandler F. *The Usborne Illustrated Thesaurus*. Usborne
- Came F & Reid G. *Concern Assess Provide it all: A practical manual for assessing individual needs*. Learning Works.
- Bennett J. & Hailstone P. (2006) *The Dyslexia Pocketbook*. Teachers' Pocketbooks
- Cogan J & Flecker M. *Dyslexia in Secondary Schools*. Whurr
- Dfes Publications:
- Learning and teaching for dyslexic children May 2005
 - Letter and sounds April 2007
 - Inclusion and development programme: October 2008
 - Identifying and Teaching Children and Young People with Dyslexia and Literacy Difficulties: The Rose Report June 2009
- Gathercole S.E.& Alloway T.P. (2008) *Working Memory and learning*. Sage
- Griffiths M. *Study skills and dyslexia in the secondary school: A practical approach*. David Fulton Publishing
- Hartas D.(2006) *Dyslexia in the Early Years: A practical guide to teaching and learning*. Routledge
- Hannell G. (2003) *Dyslexia: Action plans for successful learning*. David Fulton Publishing
- Hope D. (2001) *The complete phonic Handbook*. Prim-Ed Publishing.
- Mackay N. (2005) *Removing Dyslexia as a barrier to achievement*. SEN marketing
- McGuinness D. (1997). *Why children can't read and what we can do about it*. Penguin.
- Ostler C. & Ward F. *Advanced Study Skills*. SEN marketing
- Ott P. (1997) *How to manage and detect dyslexia*. Heinemann
- Peer L. & Reid G. (2001) *Dyslexia- Successful Inclusion in the Secondary School*. David Fulton Publishing.
- Rief S. Stern J. (2010) *The Dyslexia Checklist: A practical reference for parents and Teachers*. Jossey-Bass
- Saunders K.& White A. (2002) *How dyslexics learn: Grasping the nettle*. Patoss
- Snowling M. & Hulme C. (2005). *The Science of Reading*. Blackwell publishing.
- Snowling M. Stackhouse J. ((2006) *Dyslexia Speech and language*. Whurr
- Thompson M.E. & Watkins E.J. (1991) *Dyslexia: A teaching Handbook*. Whurr
- Tregear-Liddicoat A. (1992) *Fun with Homonyms*. Tregear Publications
- Tregear-Liddicoat A. (1992) *Mnemonics for irregularly spelt basic words*. Tregear Publications
- Turner M. Bodien P. (2007) *Dyslexia Guidance: Helping children with specific learning difficulties I reading and writing*. nferNelson
- Writers Directory (2004) *Smart Kids*

Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéiteach (SpLD)

DISLÉICSE



Comhad Acmhainní Sainriachtanais Oideachais
AG LÉAMH, AG SCRÍOBH AGUS AG LITRIÚ DO PHÁISTÍ A BHFUIL SRO ACU

Cad is Disléicse ann?

'Is é an cur síos is fearr ar an disléicse, contanam de dheacrachtaí maidir le léamh, litriú agus scríobh a fhoghlaim, deacrachtaí a mhaireann d'ainneoin deiseanna cuí foghlama. Ní léirítear na deacrachtaí seo i mbunús gach réimse eile, idir chognaíoch agus acadúil.'

D'fhéadfadh deacrachtaí bainteacha a bheith i réimsí ar nós:

- Próiseáil fhóineolaíoch
- Cuimhne ghearrthéarmach
- Seicheamhú
- Scileanna uimhríochta
- Feidhmiú luaileach
- Cumas eagrúcháin

Task Group on Dyslexia 2002



Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéiteach (SpLD) BELB Eanáir 2011

Táscairí Ginearálta


- Cuma chliste ar dhalta ach gan é/í ábalta smaointe a chur ar páipéar
- Gnóthachtáil léitheoireachta níos lú ná lena bhfuiltear ag dréim
- Fadhbanna cuimhne
- Tearcscileanna pleanála agus eagrúcháin
- Gan bheith ábalta díriú ar obair, is cosúil
- Éiríonn tuirseach go minic
- Gnóthachtáil mhírialta ó lá go lá
- Stair shuntasach teaghlaigh
- Neamhord néareolaíoch inchinne



Táscairí Disléicse 3-5 bliana

Deacrachtaí le:

1. Labhairt agus Éisteacht
2. Luath-scileanna Litearthachta
3. Cuimhne
4. Luailrialú
5. Iompraíocht



Táscairí Disléicse 5-11 bhliain

Deacrachtaí le:

1. Labhairt agus Éisteacht
2. Léitheoireacht
3. Litríú
4. Scríbhneoireacht
5. Cuimhne
6. Iompraíocht



Táscairí Disléicse Iar-Bhunscolaíochta


Deacrachtaí le:

- Labhairt agus Éisteacht
- Léitheoireacht
- Litríú
- Scríbhneoireacht
- Cuimhne
- Smaointe a eagrú agus a imeascadh
- Comhord luaille
- Iompraíocht



Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéiteach (SpLD) BELB Eanáir 2011


Táscairí Ginearálta




Comhad Acmhainní Sainriachtanais Oideachais
AG LÉAMH, AG SCRÍOBH AGUS AG LITRIÚ DO PHÁISTÍ A BHFUIL SRO ACU

Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéiteach (SpLD) BELB Eanáir 2011

Le cuimhneamh ar rud éigin caithfidh tú



- É a thuiscint
- É a chur i do chuimhne
- Smaoineamh air go minic
- É a úsáid go minic




Foghlaimíonn Páistí ar a bhfuil Disléicse go maith nuair –

- a mhínítear rudaí go cúramach agus a thaispeántar an dóigh lena dhéanamh
- a thugtar am le héisteacht, smaoineamh, freagairt agus scríobh
- a thugtar faoi deara go bhfuil deacracht acu agus tairgtear cuidiú
- a scríobhtar go soiléir ar an chlár agus tugtar bileoga srl. priontáilte
- a bhíonn aoibh gáire ar mhúinteoir nuair a chuireann siad ceist
- a dhéantar iarracht gan bheith ag scairteadh nó bheith searbhhasach
- nach bpléitear a gcuid oibre os comhair an ranga





Straitéis Náisiúnta Litearthachta 2004

Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéiteach (SpLD) BELB Eanáir 2011



Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéiteach (SpLD) BELB Eanáir 2011





Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéiteach (SpLD) BELB Eanáir 2011

Acmhainní Úsáideacha

Northern Ireland task Group Report on Dyslexia (2002) ar fáil ag http://www.deni.gov.uk/parents/special_ed_needs/dyslexia/dyslexia.pdf

Developing a Dyslexia Friendly Learning Environment: Lámhleabhar de chuid RO

Removing Dyslexia as a Barrier to Achievement: N Mackay: SEN Marketing (bunscolaíocht)

Dyslexia: Successful inclusion in the Secondary School: G Reid: David Fulton Publishers

Suíomhanna Idirlín:
www.bdadyslexia.org.uk
www.dyslexiaaction.org.uk
www.jcq.org.uk

Seirbhís Tacaíochta Pheiripitéach (SpLD) BELB Eanáir 2011

Aistriú ó Bhunscoil go hIar-Bhunscoil

Cé gur am corraitheach é an bogadh ó Bhunscoil go hIar-Bhunscoil ag cuid mhór daltaí, tig leis bheith ina ábhar imní acu sin a bhfuil deacracht litearthachta acu.

An mbeidh mé ábalta aige?



Gach seans go bhfuil tacaíocht bhreise litearthachta faighte ag cuid mhór daltaí cheana féin agus iad ar an bhunscoil, ach mar gheall ar dheacrachtaí atá acu go fóill maidir le scileanna litearthachta is doiligh leo curaclam na meánscolaíochta a rochtain go fóill.

Is é croí na rathúlachta a chinntiú go gcaitear le gach dalta mar dhuine ann/inti féin. Caithfear an phleanáil a bhunú ar riachtanas measta agus ar stíl foghlama agus a chur ar fáil trí churaclam idirdhealaithe cuimsitheach.

Is gné de na croíghnéithe a bhaineann le haistriú ó oideachas Bunscolaíochta go hoideachas Iar-Bhunscolaíochta, gur chóir do dhaltá freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin. D'ainneoin gur riachtanach ógánaigh a ullmhú le scileanna an neamhspleáchais, is riachtanach fosta a chinntiú go bhfreastalófar ar a gcuid riachtanas uile.

Tig le scoileanna seo a dhéanamh trína chinntiú:

- Go bhfuil éiteas na scoile tacúil, cuimsitheach
- Go mínítear gnáthaimh trí phróiseas onghníomhach ionduchtúcháin
- Go ndéanann múinteoirí idirdhealú maidir le cion a gcuid ábhar agus go gcuireann siad i láthair é ar dhóigh a chuidíonn leo siúd a bhfuil disléicse orthu
- Go bhfuil a sáith eolais agus scileanna ag gach ball foirne le hábhair chuí a chur i láthair agus a fhorbairt
- Go socraítear spriocanna fóirsteanacha i dtaca le PAOanna de agus go bhfuil córais dhaingne mheasúnachta i bhfeidhm
- Go bhfuil córais tacaíochta aonair/grúpa bunaithe
- Go n-úsáidtear teicneolaíocht agus na hilmheáin le cuidiú le cur i láthair agus le measúnú
- Go bhfuil socruithe rochtana i bhfeidhm faoi choinne scrúduithe www.jcq.org.uk

Páirt a bheith ag **tuismitheoirí** i ngach gné d'oidreachas an dalta.

'Foinse tacaíochta eolais agus cúnamh iontach láidir iad na tuismitheoirí agus is den tábhacht go mbíonn comhoibriú leanúnach idir an baile agus an scoil'

Dyslexia and Inclusion, Gavin Reid (2005), Ich71.

Thar gach ní, caithfimid a chinntiú go bhfuil guth ag an dalta.

'Ba chóir don pháiste, nuair is féidir de réir aibíocht aoise agus inniúlachta, bheith páirteach i ngach próiseas cinnteoireachta a bhaineann le hoideachas.'

Aguisín an chóid chleachtais – para 1.19, Ich6

Admhálachas: Mrs R Connolly NEELB, Mrs J Gordon & Mrs S Donaldson, Slemish College

Eochairtháscairí Deacrachtaí Litearthachta san Iar-Bunscoil

Ba chóir do mhúinteoirí eolas a chur ar chuid de na táscairí seo a leanas a chuideodh leo maidir le diagnóis ar dheacracht litearthachta nár tugadh faoi deara cheana.

Deacrachtaí Léitheoireachta

- Feasacht easnamhach fóineolaíochta (deacrachtaí le fuaimeanna litreacha)
- Fadhbanna tabhairt faoi fhocail nua
- Miléamh buntéacs
- Easpa líofacht léitheoireachta
- Tuiscint teoranta

Próiseáil Éisteachta/Amhairc

- Gan bheith ábalta sraith treoracha a leanúint
- Droch-chuimhne
- Deacrachtaí téacs a chóipeáil/deachtú

Scríbhneoireacht

- Cuid mhór meancóga litrithe
- Peannaireacht mhínéata
- Stór focal teoranta
- Freagraí maithe labhartha ach freagraí scríofa ar chaighdeán íseal

Eagrú

- Droch-chur i láthair oibre
- Deacrachtaí le trealamh a eagrú don lá scoile
- D'fhéadfadh fadhbanna a bheith i gceist le hobair ranga agus obair baile a phleanáil agus a eagrú

Iompraíocht

- Gan bheith ábalta díriú ar obair
- Míchúramach
- Féinmheas íseal
- Ciotach/scileanna laga mín- agus oll-luaile

D'fhéadfadh tuilleadh fiosraithe agus comhairle ó Fhoireann Tacaíochta Foghlama a bheith de dhíth maidir le daltaí ag a bhfuil cuid mhór táscairí.

Straitéisí

Thíos tá rogha straitéisí a thig le múinteoirí a úsáid le timpeallacht chuimsitheach foghlama a chur ar fáil. Liostaítear a thuilleadh acmhainní ag deireadh na míre seo.

- Úsáid cur chuige ilchéadfach(VAK)
- Nasc idir an ceacht roimhe agus an mórpictiúr
- Bíodh leagan amach soiléir ar an ceacht agus ar na hintinní foghlama.
- Tabhair glacáin ar dhath páipéar comhaontaithe le haibhsíú/folíne (dath an uachtair/bufa, cuir i gcás)
- Cuir úsáid leabharmharc chun cinn le téacs a leanúint
- Aontaigh roimh ré má táthar le léamh os ard
- Úsáid 'cairde léitheoireachta'
- Taispeáin/soláthraigh eochairfhocail
- Athbhreithnigh straitéisí sainiúla litrithe maidir le croistór focal ábhair (i.e. amharc-clúdaigh-scríobh-seiceáil; focail scoilte; focail i bhfocail, néamónaic, pictiúr-naisc)
- Tabhair cur i gcuimhne amhairc ar sheicheamh tascanna/treoracha
- Cuir chun cinn am le profaí oibre a léamh
- Ceadaigh úsáid bogearraí ríomhaireachta le cuidiú leo obair a sheiceáil
- Úsáid freagraí múnlaite agus obair eiseamláireach
- Teagasc agus úsáid teicnící meabhairmhapála
- Úsáid cóid de réir dathanna ar mhodúil/topaicí
- Atreisiú minic ar Intinní Foghlama agus ar threoracha
- Déan dícheall a mholadh agus tabhair duaiseanna ar a shon go rialta
- Cruthaigh timpeallacht glactha rioscaí
- Socraigh spriocanna SMART
- Cuir cóid dathanna ar amchlár
- Tabhair treoracha soiléire ar obair baile ag am comhaontaithe le linn an cheachta.

*"Mura bhfoghlaímíonn siad mar a theagascaimid, an dtig linn iad a theagasc mar a fhoghlaímíonn siad?"**

Dr Harry T Chasty

*Children's Difficulties in Reading, Spelling and Writing: Challenges and Responses Le Peter David Pumfrey, Colin D. Elliott: Chapter 17 Pg 269 Meeting the Challenges of Specific Learning Difficulties by Dr H T Chasty

Admhálacha: Mrs R Connolly NEELB, Mrs J Gordon & Mrs S Donaldson, Slemish College

Tagairtí

Addy, L. M. (2003) *How to understand and support children with dyspraxia*, LDA

Bundy AC, Lane SJ agus Murray EA (2002) *Sensory Integration: Theory and Practice* (2ú eagr.) FA Davis: SAM

CCEA (2008) 'Language and Literacy in the Foundation Stage: Writing' *An Interboard Literacy Group Publication*. Council for Curriculum, Examinations and Assessment (CCEA), Béal Feirste

Cohen, G., Kiss, G. agus Le Voi, M (1993) *Memory: Current Issues (2ú eagr.)* The Open University, Buckingham

Dixon, G and Addy, L.M. (2004) *Making Inclusion Work for Children With Dyspraxia, Practical Strategies for Teachers*, Londain, RoutledgeFalmer

Lockhart J agus Law M (1994) The effectiveness of a multisensory writing programme for improving cursive writing ability in children with sensory-motor difficulties. *Canadian Journal of Occupational Therapy*, 61(4), 206-214.

McMurray, Drysdale agus Jordan (2009) Motor processing difficulties: guidance for teachers in mainstream classrooms, support for learning, Iml. 24, Uimh.3 lgh. 119-125

Montgomery, D. (2007) *Spelling, Handwriting and Dyslexia*, Routledge

Portwood, M. (1999) *Developmental Dyspraxia, Identification and Intervention*, Londain, David Fulton

Ripley, K., Daines, B., Barrett, J.. (2000) *Dyspraxia, A Guide for Teachers and Parents*, Londain, David Fulton

